

CUISTIA

EAGRÁN 10

MÍL/LÚN 1999

£1.90

**GAA ar TnaG
le Garry**


Gaillimh: 'Europe's Ugliest'?

Cilian Fennell • Litir Bhob Quinn
Drugaí sa gClochán Liath • Harry Clarke

ISSN 1393-7243



9 771393 724019



CUISLE

An tEstat Tionsclaíochta,
Casla,
Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie

Eagarthóir Feidhmeach:

Diarmuid Johnson

Riarthóir:

Seán Ó Neachtain

Bainisteoir Fógraíochta:

Veronica Ní Ghríofa

Dearadh:

Caomhán Ó Scolaí
091 572008

Clóchur:


Kilkenny People

Grianghraf clúdaigh:

Balar

Scribhneoirí:

Michelle Nic Pháidín, Eilís Ní
Dhúill, Aoife de Paor, Clare Ní
Shúilleabháin, Pádraig Seoighe,
Diarmuid Johnson, Richie Byrne,
Des Johnson, Anton Mac Cába,
Uinsionn Mac Dubhghaill, Bernie
Ó Conaill, Liam Mac Con Iomaire,
Seán Ua Cearnaigh, Pádraig Ó
Flaithearta, Antaine Ó Faracháin,
Tim Robinson, Brian Ó Broin,
Fergal Mac Amhlaoibh, Pádraig Ó
Snodaigh, Mary Moggan, Colm
de Bhaldraithe, Cathal Ó Cuaig,
Seán Mag Uidhir.



Arna fhoilsiú ag
Foilseacháin an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

Seaneagráin ... Back Issues ... Seaneagráin ... Back Issues ... Seaneagráin

An scéal nua duitse **Cuisle**, iris don aois nua? An spéis
leat na seaneagráin a ordú? Tá siad ar fáil ach fios a
chur. Just discovered **Cuisle**? If you'd like to order back
issues, call us.



Deireadh Fómhair:

Scannal Gnéis sna Coláistí Samhraidh, Maggie O'Kane,
Gearóid Ó Tuathaigh, Jane Morrice



Samhain:

Who will Benefit from **MAGGIE'S** Gas Bonanza?
Gerry Adams, **IDITHE**
Oireachtas Bhaile Átha Cliath, Na hIncas



Nollaig

Will You Buy From Santa's Little Sweatshop?
Coláiste na Coiribe, Newt Gringrich,
Johnny Chóil Mhaidhc



Eanáir:

An Ghaeilge i nDaonáireamh na hÉireann – 71,000
cainteoirí.
An Tibéid,
La France sans Vie, Fís don Mhílaois



Feabhra:

Uair na Cinniúna don Ghaeltacht
Cuisle an Ghrá, Tim Robinson, Cúlábúla



Márta:

Will 'restorative justice' replace 'punishment beatings'?
Cúil Aodha, Tír gan Cheol, Tír gan Anam,
Liam Ó Muirthile



Aibreán:

Why is the US still bombing Iraq?
An Bille Teanga, An Garbh Achaidh,
Futa Fata Féasóg



Bealtaine:

Wales goes to the Polls
Hammie Hamilton, TnaG,
Oileán Chléire




Meitheamh:

Diarmuid de Faoite: Cráite i Ros na Rún
Who's Been Sleeping With Galway Corpo?
An Achréidh, Micheál Mac Liammóir,
D-Day

Costas gach seaneagráin: £1.50 móide postas
(£1.50 plus postage)

☎ 091-572077 cuisle@tinet.ie

Cuisle an tSamhraidh!



EADRAINN

Cilian Fennell agus Bob Quinn;
Monsata agus Genetic Concern;
'No Blame Approach' i Scoileanna Thír
Chonaill; An Magairlín Meidhreach; Barún Drugaí
ar an gClochán Liath; Tommy Peoples sa nGleann
Ciúin . . .

4



ANOIS CÉARD A DÉARFÁ LE GAILLIMH?

An bhfuil praiseach déanta de bhaile na
Gaillimhe?

D'éist **Richie Byrne** le guth an phobail.

8

LITIR Ó MHEIRICEÁ

Léiríonn cás Abner Louima chomh dona 's atá cúrsaí
ciníochais i measc na bhfórsaí slándála, dar le **Des
Johnson**.

12

BÁS NA CRÉAFÓIGE

Ceimicí, leasú, ídiú, forshaothrú: an bhfuil an
torthúlacht ag imeacht as an talamh? Iniúchadh ar
ghéarchéim imshaoil eile le **Diarmuid Johnson**.

14

LÉAMH AGUS SCRÍOBH i nGORT A' CHOIRCE

Tá fadhb cheilte na neamhlitearthachta á leigheas i
dTír Chonaill. Tuairisc le **Clare Ní Shúileabháin** ar an
dul chun cinn.

17

BÁS TUARASCÁLA

Síos díreach sa talamh a cuireadh tuairisc an rialtais
maidir le forbairt na gcoláistí Gaeilge.
Chuaigh **Uinsíonn Mac Dubhghaill** ag tochailt
gur nocht sé í.

18

SÚIL ADUAIDH

Labhar **Seán Mag Uidhir** le cuid de mhuintir na
Disappeared

19



SLIABH gCUA NA HÉIGSE

Thug *Cuisle* cluais do mhacallaí na
ngleann sna Déise, agus labhraíonn
Éamonn Ó Bróithe faoin traidisiún
bláfar ó thoir ó dheas.

20

COIS i dTACA

A new stand, foreign talent and youthful zest: has
Galway United manager Don O'Riordan found a
formula? **Bernie Ó Conaill** reports from Terryland.

24



AN FHUINNEOG

McDonald's court-ruling turns mince to
mould, says **Anton Mac Cába**; **Seán Ua
Cearnaigh** on Edward Carson: Hurling
in Mid-Field for Tipp: **Liam Mac Con Iomaire** is
been having a bad day; Mini-crosswords for the lazy
learner; **Antaine Ó Faracháin**'s been up all night;
Pádraig Ó Flaithearta on the Guillotine;
Buaiteoirí na Míosa . . .

26

LÍONTA LIOMBÓ

Más fonn cyber-chainte atá ort, buail bleid ar
Chathal Ó Cuaig sna *chatrooms* ar fud na cruinne.

32

LEAVE ONLY FOOTPRINTS, TAKE ONLY MEMORIES

Thug **Brian Ó Broin** turas in aisce go Daingean na
háille. Agus tuairisc ó **Fheargal Mac Amhlaoibh** ar
éigeandáil Chorca Dhuibhne.

33



EALAÍN AR OILEÁN

Chaith **Pádraig Ó Snodaigh** súil
an oilithrigh ar sheoda na hEorpa.
And in Inis Meáin **Mary Moggan**
found *Treasure on a Rock*.

37

CÁRTAÍ POIST ÓN IND

Seo linn arís i gcuideachtaí **Choilm de Bhaldrathe**
ar a thuras aduain, ildaite trí Kherla na hInde.

40



TnaG I LÁR AN GHOIRT

Bí ag féachaint ar an bpeil agus ar an
iomáint ar TnaG i rith an tsamhraidh.

42



AN CHLÚID

Gaeltacht parents disillusioned as
adolescents turn to English. Agus tá Rua
ag súil le cárta poist uaibh, a pháistí.

45

PRAGHAS NUA

£1.90 atá ar *Cuisle* mhór an tsamhraidh. Sin é an
praghas nua a bheas ar *Cuisle* gach mí.
Gheobhaidh tú luach do chuid airgid i *gCuisle*, iris
don aois nua.

DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirise seo deis freagartha a thabhairt d'aon duine nó
d'aon eagraíocht a éilíonn a leithéid, má tá siad míshásta faoin méid
a scríobhadh fúthu i *gCuisle*. Téigh i dteagmháil leis an Eagarthóir,
Cuisle, Casla, Co na Gaillimhe, nó cuir ríomhphost chuig
cuisle@tinet.ie faoin scéal.

CUISLE AR AN IDIRLIÓN <http://homepage.tinet.ie/~cuisle1>

BOB QUINN – slán le RTÉ ... arís

Tríocha bliain ó shin thug an scannánaí Bob Quinn cúl le RTÉ mar gheall ar ghalltacht an eagrais. An mhí seo caite, bhuaíl sé an cuaille comhraic arís gur imigh sé d'Údarás RTÉ. Seo thíos an litir a sheol Bob Quinn chuig Farrel Corcoran, Cathaoirleach Údarás RTÉ, lena dhearcadh a léiriú agus lena chinneadh scoir a chur in iúl. Do bharúil, a Farrel?

Dear Chairman,


In anticipation of our meeting on Friday the 26th on Children and Advertising will take, I am writing this letter.

There will be concern expressed by all. Members will agree that it's a serious matter and should be seriously studied. I may again be criticised for the passion of my advocacy. At best, the DG will ask for time to analyse the financial effects of limiting this abuse of children and bring his findings back to the Authority sometime in the future. At worst, my proposal will be again kicked out. Either way there will be, once more, a kicking for touch.

I now believe that this Authority is tired, has lapsed into the role of preserving RTE as a private Corporation whose prime concern is fiscal rectitude and self-preservation at all costs. As somebody put it elsewhere, the Authority has long "gone native". When this inertia expresses itself in a persistently casual attitude to young minds, it goes too far for me.

Child-targeted commercials and Regionalism have been the two main reasons why I accepted membership and stayed with this authority for four long years to see could in fact anything be done by patiently "working through the system". In both of these aims I have failed abysmally.

Advertisers continue to be



Grianghraf ón leabhar *Wild Plants of the Burren and the Aran Islands* le Charles Nelson

An Magairlín Meidhreach

Michelle Nic Pháidín

Sula raibh iomrá ar bith ar Viagra, bhí fir na hÉireann ag úsáid ruda eile le cuidiú leo sa seomra leapan san oíche. Planda a bhí ann a d'fhás go fial ar thalamh bhog, thais agus i mbéal na farraige. 'An magairlín meidhreach' a bhí air, agus bhí sásamh na mban ann.

Fásann an planda go mbíonn sé thart fá sé orlaigh ar airde, dath domhain saibhir corcra air ó Aibreán go Meitheamh. Bheireann na saineolaithe *orchid mascula* air sa Laidin.

Deirtear go mbíodh sé in úsáid ag na mná feasa i Sasain fadó mar bhrachán grá. Dúirt an scríbhneoir Culpepper go raibh sé faoi chúram an bhandé Véineas. Leigheasfaidh sé 'the King's evil', ar sé, ach brúitín a dhéanamh de agus é a chur san áit cheart.

Tá daoine ann a deir gurbh iad na sagairt a chuir deireadh le húsáid an mhagairlín mheidhrigh. D'fhógair siad ón altóir, más fíor, go gcuirfí mallacht ar an té a rachadh ina mhuinín. Rud a raibh ciall leis san am sin b'fhéidir, nuair a bhí teaghlaigh mhóra ann agus iad bocht.

Sa lá atá inniu ann, is beag úsáid a bhaintear as, mar níl eolas cruinn ag daoine faoin modh ceart lena ullmhú. Muna n-ullmhaítear i gceart é, is nimh atá ann.

facilitated in their ruthless targeting of children (not to mention the public at large). RTÉ is still an unashamedly Dublin-based and worse, Dublin-orientated organisation. The lip-service it pays to regionalism is precisely that. Two of its three significant concessions to the regions have been politically imposed. The recent erection of a new £10 million building in Montrose is a clear indication of this "democratic centralism".

In fairness, I should pay tribute to a talented

Executive Board whose sole concern has been the survival of the organisation despite the inconveniences of a politically-appointed Authority and a disgruntled staff. Their ability to handle this Authority shows long practice and professionalism in such matters.

I admire much of RTÉ's radio output – I can no longer watch most of its TV output – and applaud, with certain reservations, its support for music and the arts.

However, the engine of its prosperity, market-led commercialism which means

schedules governed by the Law of Large Numbers, is inexorably turning our Public Broadcaster into a purely commercial TV and radio service. The tabloidism of the RT... Guide is now almost a mirror image of RTÉ itself.

This seems to me, at least in part, the result of timidly accomodating, rather than bravely confronting, the draconian political and commercial pressures to which the National Broadcaster has in the past twenty years been subjected. The chief culprit of course was Section 31 which enabled the advancement of safe hands in all areas, managerial and programmatic. Such have a greater facility for keeping their noses clean than developing vibrant, energetic and innovative programmes and talent.

I concede the possibility that, at the end of all, the "mass" of viewers may be actually getting the broadcasting service they deserve. The only remedy I can suggest is a fulltime professional authority to supervise and protect all broadcasting in this country.

Please treat this letter as my resignation.

Yours etc.

Ó Bhaile an Mhuilinn go Treviso

Bronnadh duais mhór aisteoireachta ar Kelly Shatter i dTreviso na hIodáile le deireanas. Bhí an phríomhpháirt ag Kelly i *Cén Fáth?*, fiseán a rug leis craobh na hÉireann i gcomórta na bhfiseán idirbhliana a d'eagraigh TnaG.

Is iad an rang idirbhliana i gColáiste Alexandria i mBaile an Mhuilinn, Baile Átha Cliath, a scríobh *Cén Fáth?* Léargas atá ann ar an bhfulaingt a leanann bás cara nó duine gaoil. Cúis dóchais do shaol na teilifíse Gaeilge brí a bheith i nglúin nua aisteoirí agus scríbhneoirí.

Aisling do Dhearcas

BEIDH AN compántas amharclainne Aisling Ghéar ar cuairt ar fud na tíre i rith mhí Iúil. *Amédée* le Eugene Ionesco an dráma a bheas acu. Scéal beirte a bhfuil rún millteanach eatarthu. Ní ceangal go rún, ach ní céasadh go nochtadh rún. Dráma lán greann dubh atá ann. Is í Bríd Ní Chaillochóir ó Amharclann de hÍde an léiritheoir. Tuilleadh colais ó (08) 01232 331131.

Féile Lúnasa

Éilís Ní Dhúill

BEIDH NA scríbhneoirí Joyce Carol Oates, Frank McCourt agus Michael Ondaatje, údar an úrscéil *The English Patient*, páirteach i bhféile mhór litríochta a reachtálfar in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i rith mhí Lúnasa.

I measc na gcainteoirí beidh cúigear buaiteoirí Pulitzer, beirt bhuaiteoirí Duais T.S. Eliot agus Poet Laureate na Stáit Aontaithe, Robert Pinsky. Labharfaidh an file Nuala Ní Dhomhnaill, an t-údar Roddy Doyle agus an file Cathal Ó Searcaigh ag an bhféile freisin.

Cúis áthais do lucht na hollscoile an file clúiteach Síneach Xue Di a bheith ar chlár na féile, chomh maith leis an bhfile agus iriseoir Rose Styron agus Marjorie Agosin. Sin triúr atá gníomhach go hidirnáisiúnta maidir le cúrsaí cearta daonna.

Gné shuntasach eile is ea 'Lá Oileán Árann'. I measc na gcainteoirí ansin beidh Tim Pat Coogan, Enda O'Brien agus John Montague.

Beidh inchur san fhéile ag aos léinn na hollscoile féin le léachtaí ar James Joyce, John Millington Synge agus W.B. Yeats ón Ollamh Kevin Barry, an Dr Riana O'Dwyer agus an Dr Pat Sheeran faoi seach. Eagrófar comórtas do scríbhneoirí óga.



A Naoimh Cilian, slánaigh sinn . . .

Aoife de Paor

'COMHAIRLEOIR CLÁR' atá ar dhoras oifig Chilian Fennell i mBaile na hAbhann, agus cé nach bhfuil caite aige ach roinnt seachtainí ina phost nua, tá sé lán-chinnt go ndearna sé an rogha ceart agus aistriú anuas go Conamara. Conradh bliana atá aige le TnaG, bliain shabóideach ó RTÉ.

I Muinis, Carna a tógadh Cilian, agus is léir go bhfuil grá aige dá dhúchas. "Ní fhásann tú muna n-athraíonn tú," ar sé, agus meangadh gáire air. Ach níl sé gan a bheith dáiríre. "Nuair a tháinig an tairiscint ó TnaG, ar ndóigh shíl mé go mbeadh sé iontach a theacht abhaile chuig post maith, agus seans agam comhoibriú trí mheán na Gaeilge. Tá tionscal na teilifíse ag athrú uilig faoi

láthair, agus ó thaobh na craoltóireachta de, is am an-fhuinniúil é. Tá an borradh sin le feiceáil go soiléir i gConamara. Féach Telegael agus Roger Corman atá ag déanamh airgid, agus Ros na Rún atá ag cur amach dhá chlár in aghaidh na seachtaine. Tá TnaG i gcroílár an bhorradh seo."

Chaith Cilian Fennell trí bliana ina léiritheoir ar an *Late Late Show*, agus cé gur thaitnigh an obair leis thar barr, ní raibh sé róthógtha le Baile Átha Cliath riamh.

"Taithí iontach a bhí in RTÉ, go háirithe sa *Late Late*. Thug sé an-fhéinmhuinín dom. Má bhí mé ábalta mé féin a chruthú sa bpost sin, cheap mé go bhféadfainn a bheith úsáideach do TnaG ansin.

Is í an fheidhm atá ag Cilian i TnaG díriú ar an

gcaoi a bhfuil na cláracha á léiriú. Dar leis go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh cláracha a bhfuil pearsantacht na Gaeltachta agus na Gaeilge iontu á léiriú. "Níl faitíos ar dhaoine i gConamara roimh na ríomhairí. Níl muid duairc, ní chaitheann muid ár gcuid ama ag caint ar *photoholes* ná ar an imirce. Tá muid *cosmopolitan*. Tá mise ag iarraidh go mbeadh muid ag breathnú chun tosaigh i gcónaí, agus ní ag breathnú siar."

In éineacht le Micheál Ó Máille, Ann McCabe agus Proinsias Ní Ghráinne, tá Cilian ag iarraidh a chinntiú go mbeidh dath agus pearsantacht dá chuid féin ag an stáisiún teilifíse aniar. "Tá an teach tógtha anois, agus tá sé in am an chéad choiscéim eile a thógáil."

Smacht agus ansmacht

Clare Ní Súilleabháin

Tá bunscoileanna Gaeltachta ar 40 bunscoil ar fud Dhún na nGall atá ag glacadh páirte i scéim phiolótach le dul i ngleic le fadhb na hansmachta ar scoil. Is i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, An Roinn Oideachais agus Ionad Oideachais Dhún na nGall atá an scéim á reachtáil. Tá sí bunaithe ar an 'No Blame Approach' a bhfuil dea-thoradh air san Ioruaidh ó 1995.

'Radharc úr' atá sa scéim, a deir Moya Nic Ruairí, duine de na 13 teagascóirí nua-oilte sa tír a bhíonn ag plé le cúrsaí ansmachta. Moltar sa scéim an fhadhb a phlé leis an té is cúis léi. Iarrtar ar an té sin réiteach a mholadh agus beart a chur le briathar. Go minic, is bullaíocht nó tromaíocht a bhíonn i gceist.

Cé gur ar scoil a cuirtear an scéim i bhfeidhm, is scéim phobail atá ann. "Tá sé rithabhachtach go mbeidh an pobal go léir ar an eolas faoi agus páirteach ann, tuismitheoirí, daltaí, múinteoirí, gardaí, úinéirí siopaí, tiománaithe bus, mar ní ar láthair na scoile amháin a tharlaíonn an ansmacht ar fad," arsa Sally Boner ón Ionad Oideachais.

Chomh maith le múinteoirí scoile a oiliúint, eagraíodh tráthnóna eolais do na tuismitheoirí, agus lá eolais do na daltaí. Ba mhór an cuidiú do mhúinteoirí na Gaeltachta teagascóirí oilte ón nGaeltacht féin a bheith i mbun na traenála," dar le Phil Ní Chonchúir, múinteoir bunscoile an Ghlaiseáin. Creideann Phil nach le piónós trom agus cáineadh a réitítear na fadhbanna nuair a bhíonn dalta ó smacht.

Tá sé tugtha le fios ag an Aire Oideachais go gcuirfear an scéim seo i bhfeidhm ar fud na tíre. Beidh dualgas ar gach scoil aitheantas a thabhairt di.

Máire an Chlocháin Léith ...

An t-am seo anuraidh, bhí muintir Thír Chonaill ag rá go raibh ceann de phríomhfhéilte an cheantair i mbaol. Luadh fiacha £40,000 leis an bhféile. Shíl an coiste nach raibh leigheas ar an chás ach tuilleadh airgid a bhaint as lucht gnó na háite, ós acu a bhí brabach ar an bhféile. Ach tháinig casadh ar an scéal i mbliana. Glanadh na fiacha, agus cé nach raibh stiúrthóir fostaithe Mí Mheithimh, deir an coiste go bhfuil níos mó tacaíochta ann don fhéile i mbliana ná a bhí riamh.

Chomh maith le Daniel O'Donnell, Altan agus Dominic Kerwin, beidh Bumblebees, The Remixes, Motley Crew, Churchmice, Playboys agus Na Hooligans, banna Astrálach, ag bualadh ceoil sa Chlochán Liath i rith na féile. Dar le Tony Boyle go bhfuil an fhéile seo fite fuaite trí shaol na Rosann. Tá sé de dhualgas orthu, dar leis, an fhéile a choinneáil beo.

... agus Barún an Chlocháin Léith

An bhfuil fadhb drugaí ag féile an Chlocháin Léith? Tuigtear dúinn nach fada ó bhí. Boc mór a tháinig ann as Albain bliain. 'Barún'. Carr mór aige. Culaith éadaigh air. A chuid fear in éineacht leis. Chuir siad fúthu i dteach deas cúlraideach gar do bhaile. Amach leo sna tithe ósta nuair a bhí braon maith ólta ag lucht na féile, buachaillí agus cailíní óga, soineanta.

Cogar i gcluais, cúpla unsa, margadh ciúin: tugadh an gnó faoi deara. Agus socraíodh deireadh a chur leis. Dúshlán a thabhairt. An ruaig a chur. Ach ba dheacair gníomh a dhéanamh gan chruthúnas. B'fhearr fanacht. Fanacht? Fanacht go mbeadh na buachaillí agus na cailíní óga i bhfiacha go hascaill, aicid orthu agus barún na hAlban ar a dtóir? Beag an baol, arsa meitheal míleata na háite.

Samhlaigh é seo: fear agus éide an stáit air i gcúl cairr. É i bhfolach. Ceathrar eile sa gcarr. An raidió ar siúl, b'fhéidir. Suas leo chuig teach deas cúlraideach gar do bhaile. Barún Albanach ag fanacht ann.

"Ba mhaith linn labhairt le Mr X."

"Níl Mr X ar fáil."

Ciúnas. Clic gunna. Fear i bhfolach sa gcarr ag éisteacht.

"Fágadh Mr X seo roimh amárach nó dófar an teach agus é ann."

Doras á dhúnadh. Carr ag imeacht ...

Tuigtear dúinn gur imigh an tAlbanach. Agus baineadh na buachaillí agus na cailíní sult as an bhféile i mbliana.

Féile 2000

Tá togra nua ceoil beartaíte ag Micheál Ó Súilleabháin i gcomhair Féile 2000. Snaidhm eile a le Micheál idir an dúchas agus an oiliúint. Tá Cló Iar-Chonnacht á shaidhmeadh le Féile 2000 chomh maith, agus foilseoidh siad leabhar i gcomhair Fís agus Teanga, taispeántas ealaíne. Cloch

mhór ar pháidrin na féile a bheas i gCúirt an Mheánoiche arna léiriú ag Amharclann na Mainistreach. Dráma nuascríofa de chuid Tom McIntyre atá ann. Cuir sin ar fad le Banríon Álainn Lónáin, agus Sundance le Bara Caws ón mBreatain Bheag — dráma a mbeidh aistriú comhuaineach go Gaeilge leis — agus is léir go mbeidh téagar i bhFéile 2000.



Coiste Ealaíon Chlár Chlainne Mhuiris

Tá samhradh ealaíonta á ghealladh i ndeisceart Mhuigh Eo. Beidh taispeántas le Máire Louise Martin, stiúrthóir an Black Church Print Studio. 'Ireland Today' is teideal do thaispeántas mail-art — ealaín poist — a mbeidh ealaíontóirí na cruinne ag soláthar dó. Éire an téama. Beidh comórtas ealaíne an Claremorris Open ann Meán Fómhair. Seo í an dara bliain fichead dó. Dá fheabhas dá ndéanann coiste Chlár Chlainne Mhuiris a gcuid oibre, is lógó beagán débhríoch atá acu (féach thuas).

Imní ar an Údarás

De réir na dtreoirilínte is déanaí ata eisithe ag an Tascfhórsa Idir-Rannach maidir le Boird Fhorbartha Contae, tá sé i gceist go mbeidh seacht mbord forbartha contae ann a gcaithfeadh Údarás na Gaeltachta comhoibriú leo chomh fada 's a bhaineann le tograí sna Gaeltachtaí. Is cúis imní don Údarás é seo. Chuirfeadh sé easpa agus éidreoir ar fhorbairt na Gaeltachta.

Is é éileamh an Údaráis le fada nach mór feidhmeanna an Údaráis a neartú. Is í tuairim an Údaráis gur fearr an tÚdarás féin a bheith ina bhord forbartha don Gaeltacht.

Thiocfadh seo le polasaí an stáit i leith na Gaeltachta, polasaí atá deimhnithe ag rialtais éagsúla le blianta anuas.

Cuireadh bille an Údaráis os comhair na Dála agus Cuisle ag dul i gcló. Beidh toghcháin an Údaráis ann sa bhfómhar.

REPS agus SACS – Buntáistí agus Míbhuntáistí

Pádraig Seoighe


Má ba mhíbhuntáiste a bheith páirteach i scéim na REPS, seans go bhfuil deascéal ar leic an tairsigh ag na feirmeoirí caorach anois. Tá cúiteamh £29 in aghaidh gach caora dar cuireadh den sliabh á ghealladh dóibh. Buntáiste eile is ea go bhfuil cúiteamh geallta do na feirmeoirí ó bhliain go bliain.

Déarfadh duine dá bharr seo go bhfuil deireadh na géarchéime á thuar. Pléadh sin ag cruinniú sa gClochán, Co na Gailimhe, mí Mheithimh, agus pléadh cúrsaí portaigh freisin. Tugadh le tuiscint ann go mbeidh cead móin a bhaint i gceantar na SACs, seachas móin na slisíní – an *sausage*. Déanann an *sausage* dochar don phortach sa méid go bhfágann sé uisce ina dhiaidh agus nach féidir sleán a úsáid ina dhiaidh.

Tá cúiteamh geallta do lucht bainte na móna freisin. Seasca punt in aghaidh an acra atá á lua. Baineann sin cuid den nimh as an bhfeoil nuair is deacair do dhaoine a gcuid talúna a dhíol de bharr na rialacha.

Fuinneoga na Fanaide

Tá beirt dearthár ó Dhoire le gnó Fuinneoga PVC a athbhunú i bhFanaid, Dún na nGall. Bhí fuinneoga á ndéanamh ann ó 1975 go 1997. Tá na Catháinigh leis an monarcha a cheannach ó Údarás na Gaeltachta agus tá i gceist acu an áit a chóiriú sula dtéann siad i mbun táirgíochta. Tá cead á iarraidh acu ar an gComhairle Contae chuige sin. Cruthófar 30 post sa ghnó nua seo as seo go ceann trí bliana



An Gleann Ciúin, Tommy Peoples

The Mouse in the Attic

Bionn ceol Tommy Peoples ag siorfhorbairt. Ceol a raibh bior is faobhar air a bhí i *The High Part of the Road* (1976). Chuir sé barr ar an mbinneas in *The Iron Man* (1985). I dtús na naochaidí, bhí féith eile fós ina chuid ceoil, ach ní dhearna sé ceirnín an uair sin faraor. Sa n*Gleann Ciúin* (1998), is i a chuid cumadóireachta féin atá chun tosaigh.

Tá Tommy ar dhuine de chumadóirí móra na haoise seo, agus tá an-tóir ar a chuid ceoil. *The Coffin Ships* a thug sé ar fhonn mall a cumadh agus an gorta mór á chomórath. Ní féidir gan trácht ar dhá chornphíopa nua leis, *The Mouse in the Attic* agus *The Fat Cat*. B'fhiú an ceirnín a cheannacht muna ndeanfá ach éisteacht le *The Green Fields of Glentown*, ríl mhór a bhfuil *genius* agus dúchas Tommy ann.

Is sa mbaile a taifeadadh *An Gleann Ciúin*. Fidléarachta aonair cois teallaigh ar an sean-nós, ach go mbuaileann Alphie Duggan isteach anois is arís agus a ghiotar leis. Is dóigh go deimhin gur sa mbaile is suaimhní do Tommy Peoples. Ó aimsir an Bothy Band i leith, tá scéalta ag na ceoltóirí faoin drogall a bhíonn air gaisce a dhéanamh os comhair an tslua. An té a shuigh i seisiún leis, tuigeann sé chomh mín, discreideach is a bhíonn fidléarachta Tommy.

Tréith den cheol ar an n*Gleann Ciúin* is ea an éagsúlacht. Casann sé in E gan stróbh, agus tá *Bonny Kate* i C aige. Is maith leis casadh ar an téad íseal, rud a thug sé leis as Dún na nGall seans.

Tréith eile dá chuid ceoil is ea an aibíocht. Is álainn agus is annamh inár dtreo saothar ceoil - nó eile - a bhfuil lorg na mblianta agus múnla an tsaoil chomh paiteanta air. Tugann clúdach *An Gleann Ciúin* é seo le fios, pictiúr tréitheach le Catherine Kingcome.

Is ceoltóir sa gcéad é Tommy Peoples: seineann sé a phort féin, agus tá sé gan bheann ar an bhfaisce. Is cruthúnas é *An Gleann Ciúin* gur féidir le duine an fód a sheasamb in aghaidh mhaidhm na tráchtála. Gura fada fada Tommy Peoples i mbun fidle fós.

Toradh Claonta

An n-íofá fata ginchóirithe? *Genetically modified*, mar a déarfá. Fata 's dhá chloigeann air. Tá daoine ann nach n-íofadh. Planda a bhfuil cead síolraithe bainte dó, ní ceart é a ithe, dar leo. Daoine eile, is cuma leo. Seans, a deir siad, nach measa an bia ginchóirithe ná an bia a bhfuil seacht gcineál ceimice ann ar an nós.

Gairmeadh comhdháil i mBaile Átha Cliath mí Mheithimh leis an gceist a phlé. Bhí láimh ag an rialtas in eagrú na comhdhála. Easpa ama agus doiléire i dtaobh an chláir oibre: bhí cuid de na eagraíochtaí míshásta. Shiúil cathaoirleach Genetic Concern, Turlach Ó Dónaill, amach.

Tá Genetic Concern in aghaidh chur na mbarr ginchóirithe agus tá siad in aghaidh na dtriallacha ginchóirithe atá á ndéanamh. Tá siad ag iarraidh go gcuirfí stop láithreach le himportáil bia ghinchóirithe go hÉirinn. Rinne Lucsamburg agus an Ostair sin ainneoin an Aontais Eorpáigh. Molann Genetic Concern do rialtas na hÉireann an beart céanna a dhéanamh agus gan an bia ginchóirithe a cheadú.

Admhaíonn Robert Shapiro, stiúrthóir Mhonsata, ollchomhlacht ginchóirithe, go bhfuil ceist eitice ag baint le ginchóiriú bia. Glacann sé leis go dteastaíonn measúnú gear agus triallacha cúramacha. Anuraidh, áfach, is é an scéal a bhí ann i Sasana nach raibh dóthain acmhainní ag na húdaráis leis an triail agus an tástáil a dhéanamh go sásúil. Agus dá bhfágfaí an measúnú faoi lucht an tionscail, bheadh toradh claonta air.

'Ethics begins with the recognition that not all things that can be done should be done', arsa an Bioethics Working Group. Is faoin duine rogha a dhéanamh. An n-íofá féin fata ginchóirithe?



TÁ ABHANTRACH na Gaillimhe á scrios ag an drochphleanáil. An rud a dtugtar forás agus forbairt air, is galar é atá ag múchadh anam na háite. Tógtar tithe agus fágtar na daoine ar easpa áiseanna. Tá infheistíocht sa tógáil á déanamh saor ó cháin, agus gan spéis ag na hinfheistitheoirí ach sa mbrabach. Tugtar le fios gur mórionad ealaíne agus cultúir í Gaillimh. B'fhearr súil ghrinn a chaitheamh ar an mbaile agus gan géilleadh don bholscaireacht sin. Céard is Gaillimh anois ann ach Baile Átha Cliath an Iarthair? Ní hin é is gá, ach cothromaíocht forbartha ar fud an iarthair.

Grianghraf: BALAR

GALWAY DURING the nineties was billed as 'Europe's fastest growing city'. But in years to come, given current evidence, the City of the Tribes will have become one of Europe's ugliest.

Galway has experienced unprecedented growth. Progress has been immense. Investment has been attracted. A new feeling of confidence has emerged. Boats have risen on the economic tide . . .

This idiom is familiar. It's part of contemporary canon, well rehearsed, and endorsed by both media and consumer. But the validity of the idiom is dated, and it begs a counter-idiom.

Growth is confused with indiscriminate building. Progress with the banks' generous lending policies. Investment with dependency on foreign players. Confidence with decadence.

Several of these things are patent in the new Galway. Architecturally, the city is an incohesive agglutination. Commercial buildings are catalogue-products. Oversized hotels clutter the field of vision. Rows of semi-detached houses present an unbroken, oppressive façade just metres from busy highways. Much of the inner city has been radically altered by tax incentives. Much of the shopping area is run by corporate chains and British multiples. Lydon's, Rafferty's, O'Gorman's and Naughton's have gone. Will Ryan's, Logues, McCambridge's and Taaffe's follow? Quay St. and High St., formerly very distinctive, have lost in character to pseudo-European indulgence.

In the area of urban planning, Galway is a model of chaos. The speculators slap up the houses, roads are added gradually, and finally, while residents' groups are fighting for shopping and leisure amenities, an adequate sewage system is proposed. No alternatives to commuting by car are proposed, and increasing traffic chokes the Corrib basin.

Galway's copywriters have succeeded in selling the city as a centre of the arts, a celtic-cum-cultural Mecca, a vibrant industrial cell. Their press statements say little about the desertification of much of rural Connaught, the latent delinquency in sprawling suburbs, the visionless merchants.

The West doesn't need a little Dublin. It needs life in its small towns from Castlerea to Westport to Tuam to Portumna. A balanced urbanisation more in keeping with a Clonmel, a Tralee or a Donegal.

Caught up in its own rhetoric, a victim of its own image-making, Galway could sober itself with a short drive around town. And the 'Gateway to Connemara' is just a microcosm of a national phenomenon.





Chuir Cuisle ceist ar chuid de mhuintir na Gaillimhe faoi na foirgintí is fearr a thaitn agus faoi na foirgintí is lú a thaitníonn leo. Thug siad freagra go fial . .


Cé acu is Grán



• Ní hí an leabhar an clúdach más fíor do **Tom Kenny**, fear dánlainne agus dámhlainne. "The designers obviously wanted to create a tasteful combination of old and new, and they succeeded gloriously in doing exactly the opposite."

Fear nach gcuireann fiacail ann.

• Rinne an fear gnó **Paddy Cunningham** cur síos ar na foirgintí a chuireann na súile siar ina cheann. Is é foirgneamh Bhord Fáilte i mBóthar na Trá gránna i nGaillimh, dar leis. "It looks like an alien spaceship," ar sé. Banc na hÉireann ar an bhFaiche Mhór is fearr a thaitníonn leis.




• Is potadóir agus bean ghnó í **Judy Greene**, uachtarán Chumann Tráchtála na Gaillimhe. Ní raibh dabht uirthisean ach gurb é an Design Concourse, Bóithrin an Chiardhubhanaigh, is deise i nGaillimh. Bhí tuairim laidir aici freisin faoin áit is gránna: Portmore thíos ag an bPóirse Caoch. "Before it was built, the Spanish Arch and the Claddagh village opposite were perfectly balanced. It doesn't fit in at all with the surroundings."

Bhí **Bernie Ní Fhlatharta**, iriseoir agus craoltóir, ar aon fhocal le Judy faoi Portmore.




• Taitníonn Quad na hOllscoile le **Derek Hamilton**, ball de An Taisce agus le **Séamus Cahalan**, múinteoir agus dearthóir. Thug an bheirt sciolladh teangan do Portmore chomh maith. "The proportions are all wrong for the site," dar le Derek, "and it's a very bad example in terms of sheer bulk." Dhamnaigh sé arasáin Dhún Aengus in aice leis an dūg freisin. "It looks nothing like the artist's impression which was published in the local papers at the planning stage. This is a trend at the moment, where developers get a lovely pastel-coloured picture to show the public, then build something which looks nothing like it."



• Tá **Michael O'Grady**, fear bialainne, ina chónaí i bPortmore. Is iad árasáin Waterside in aice láimhe, agus na dathanna, a chuir deistean agus muisiam airsean.

• Is é Muileann an Droichid — Bridge Mills — is deise leis an mboscadóir mear **Máirtín O'Connor**. Portmore is lú a thaitníonn leis. "It dwarfs the Spanish Arch and destroys the natural feel of the area."

• Maidir leis an Seanadóir **Margaret Cox**, is breá léisean Teach na Cúirte agus Bridge Mills. PortMore is lú a thaitníonn léi — tá sí ar aon phort le Máirtín O'Connor!



• Bhí an t-ailtire **Dickie Byrne** ar dhuine den bheagán ar rogha leis foirgneamh nua. Is é Halla na Cathrach is ansa leis. Ní hamhlaidh d'óstán Jury's, rud gan dealramh, nó "crap" mar a dúirt sé féin.

• Tá an-luí ag an Aire Stáit **Éamon Ó Cuív** le Caisleán an Loinsigh, ach dar leis nach bhfuil slacht ná maise ar na leithris phoiblí ar an bhFaiche Mhór.

An Dubh 's an Geal



Des Johnson

Tá laghdú ar líon na ndaoine a dúnmharaíodh i Nua Eabhrac le blianta beaga, ach ar an taobh eile den scéal tá galar an chiníochais go rábach i measc na bhfórsaí slándála.

BROOKLYN, i samhradh '97, tugadh drochíde d'Abner Louima. Ní heisean ba chúis leis an gclampar an oíche sin, ach daoine eile san discó. Ach rug na póilíní air. Buaileadh go dona é sa charr ar a bhealach go dtí stáisiún na bpóilíní. Sáthadh bata isteach ina thóin, is díreach ina dhiaidh sin isteach ina bhéal. Bhí air dul faoi scian cúpla uair lena dhrólann a dheisiú. Sin a deir seisean, agus tá na dochtúirí ar aon fhocal leis. Fear dubh ó Haití é.

Ceathrar póilíní sa Bhronx i Mí Feabhra, iad gléasta i n-éide an ghnáthdhuine, iad ag tiomáint gnáthchairr, iad ar thóir fear éignithe ban i lár na hoíche. Go tobann, bhí Amadou Diallo, fear ó Ghana, marbh ar tháirseach a thí, 41 urchar caite faoi, is é aimsithe ag 19 díobh. Is léir nach raibh gunna nó scian ar iompar ag Diallo. Ní raibh coir le lua leis ach gur fear dubh é, agus gan é ar a leaba sa *city that never sleeps*.

Le déanaí, maraíodh banphóilín i *New Jersey*. Agus gan acu ach eolas míchruinn, réab na póilíní doras Terrance Everett isteach is rug air. Chaith siad a bhean, páiste ina broinn, ar a haghaidh is a bolg ar an urlár.

Strac siad Everett amach os comhair na gcomharsan is tuilleadh póilíní amuigh ag bualadh bos dos na laochra a ghabh an dúnmharfóir. I gcionn lae, ba léir nach é Everett a bhí ciontach. Fós féin, coimeádadh faoi ghlas é ar feadh sé lá. Ar an dteilifís facthas go raibh drochléasadh faighte aige. Ach ní bhfuair sé leithscéal ar bith ós na húdaráis.

Gan amhras, bhí drochbhail le fada an lá ar chúrsaí slándála sa dúiche seo, tuairim is 2,000 daoine á ndúnmharú in agaidh na bliana i gcathair *New York* féin. Tá feabhas ar an scéal: tuairim is 600 in aghaidh na bliana atá á ndúnmharú anois. Cé nach iad na póilíní an t-aon rud is cúis leis an bhfeabhas, tá an-bhaint acu leis. Ach is léir go bhfuil siad imithe thar fóir.

Le dhá bhliain anuas, cheistnigh is chuardaigh siad 45,000 daoine ar shráideanna *New York* agus *random searches* ar siúl acu. Daoine a bhain leis na mionlaigh ab ea formhór na daoine a ceistníodh. Níor cuireadh rud

ar bith i leith ach 10,000 díobh, ól ar an tsráid, mar shampla. Fágann san gur cuireadh as do 35,000 daoine nach ndearna faic, agus ní deas múinte a bhí na póilíní.

Maíonn Afra-Mheiriceánaigh *New Jersey* nach rud nua a leithéid sa stát san. Go háirithe ar na bóithre móra. Deir siad go bhfuil polasaí ciníoch á chur i bhfeidhm, agus gur Afra-Mheiriceánaigh is Hiospánaigh is mó a stophtar cé gur daoine geala atá i bhformhór na dtiománaithe. In ionad *random searches* is *racial profiling* a bhí ar siúl. Shéan na húdaráis an *racial profiling* ar feadh na mblianta, ach le déanaí d'eisigh an Gobharnóir Whitman

ráiteas a d'admhaigh gur mar sin atá. Is ní hamháin go stophtar na daoine san. Tugtar masla is drochíde dóibh, is cuirtear náire orthu os comhair a gcuid paisnéirí. Céard a cheapann na leanaí nuair a deir an póilín le Dadaí: "*Okay, get out a' here, nigger*"?

Is léir go bhfuil béasa na bpóilíní ar aon dul le cultúr an phobail, cultúr a bhfuil an ciníochas agus an foréigean go rábach ann. Agus má cheapamar gur eisceacht a bhí sa mhéid a tharla do Rodney King i Los Angeles roinnt blianta ó shin, bhí dul amú orainn. Cuireann nósanna cuid mhór de phóilíní na Stát nósanna an RUC i gcuimhne dom. Ritheann sé liom gur daoine macánta iad uilig, ina gcoimhthéacs féin. An fear céile, an t-athair, an mac.

Déanann cuid díobh freastal ar na heaglaisí. Bíonn siad go deas le mamaí, leis na leanaí, agus leis an madra. Feictear iad ag mairseáil ag sochraidí a gcompánach, cuid acu ag seinm *Amazing Grace* ar an bpíob.

Ach nuair a bhíonn siad ar dualgas, tagann athrú orthu. Is cuimhin liom scéal ó Dhoire, áit a bhfuil col ceathrar liom pósta le Protastúnach. Lá dar thiomáin seisean isteach sa Chreagáin, chuir na póilíní stop leis. Rinne cuardach, air, agus ceistníodh é. Agus ansan, an focal scoir:

"*Away on you go, you Fenian bastard.*" Agus an *riposte*: "*Och no, I'm an Orange bastard.*"

Amadán nó gealt a déarfadh a leithéid le póilíní na Stát, dá mbeadh dath ar a chraiceann.



Cuid de mhuintir Mheiriceá



IS MEIRICEÁNACH dúchasach de bhunadh na Ojibwa-Sioux é Leonard Peltier. Ciontaíodh é as beirt gníomhaithe de chuid an FBI a mharú ag Pine Ridge Reserve, South Dakota, i 1975. Cuireadh príosún air go dtí 2441. Ach admhaíonn an FBI agus na cúisitheoirí nach bhfuil siad cinnte cé a scaoil na hurchair a mharaigh an bheirt. Sna seachtóidí, bhí Peltier ina chomhalta den AIM (Gluaiseacht Indiach Mheiriceánach), eagraíocht go ndearna an FBI géarleanúint air.

Theith Peltier go Ceanada, ach rinneadh é a eiseachadadh i 1976. Deir iar-Ard-Altnaí Ceanada gur mionnscribhinn le Myrtle Poor Bear, bean go raibh fadhbanna siciatracha aici, ba chúis le Peltier a chur ar ais go Meiriceá. Dúirt Poor Bear go bhfaca sí an bheirt ghortaithe á marú aige. Ach is cosúil nach raibh sí i bPine Ridge an lá sin, agus níor casadh Peltier riamh uirthi.

I gCeanada, tá idir Reform Party na heite deise agus NDP an eite chlé ag tacú le Peltier, fearg ach go háirithe orthu faoin dóigh go ndearnadh de réir iarratas Mheiriceá.

I lár na seachtóidí, luarthas úránium ar thailte na nIndiach, mianra a bhí de dhíth ar an rialtas. Shíl idir raidicigh óga an AIM agus na hIndiagh traidisiúnta go raibh conradh eile le briseadh, 133,000 acra dá mhaint de thailte na nIndiach. Bhí sé ina chogadh. Maraíodh 66 Indiach agus gortaíodh 300. I dtús báire, ba i leith Bob Robideau agus Dino Butler a cuireadh dúnmharú na beirte. Bhí na gníomhaithe in ainm is a bheith ar thóir Jimmy Eagle. Ag an triail, nochtadh go raibh caoga gníomhach réidh le hionsaí a dhéanamh ar an chlós mar a raibh na Meiriceánaigh dúchasacha. Lig an giúiré Robideau agus Butler saor, ar an ábhar gur dá geosaint féin a bhí siad.

Is é an Giúistís Heaney a bhí ar an bhinse nuair a diúltaíodh d'achomharc Peltier. Scríobh sé chuig an Uachtarán, a rá gur ar dhóigh bhréagach a rinneadh Peltier a eiseachadadh, go raibh an rialtas freagrach chomh maith as ar tharla, agus gur cheart maithiúnas a thabhairt dó.

Tá Peltier sa bpríosún gan chúis agus é ag saothrú báis. Cuireadh faoi scian faoi dhó é. Is deacair dó ithe. Tá sreanganna a cuireadh isteach ina ghiall ag gobadh isteach ina bhéal. An dochtúir Keller ó Chlinic Mayo, tá sé den bharúil go dtiocfaidh leis Peltier a leigheas. Ach diúltaíonn an príosún dó: deir siad gur máinlia s'acusan amháin a chuirfeadh Peltier faoi scian. Tá leabhar le Peltier i ndiaidh a fhoilsithe 'Prison Writings, My Life is my Sundance', agus dhá scannán a mbeartú. Má mhaireann sé.

Anton Mac Caba

102^{FM}
Raidió na Life

Éist le . . .

carraigcheol

*le Colm Ó Riagáin gach
Luan ó 9 go 10.30 i.n.*

Má tá dúil agat sa rac-cheol nó sa cheol beo, beidh dúil agat i *Carraigcheol*. An aidhm atá ag *Carraigcheol* ná aird an phobail a tharraingt ar bhannaí atá ag iarraidh a gcosa a chur i dtaca i margaí ceoil an lae inniu.

Go dtí seo is iad Luka Bloom, na Mary James, na Frames, na Plague Monkeys, na Marbles agus Manor na bannaí a ghlac páirt sna seisiúin bheo, agus beidh Blink, Jack L, Dr Millar, na Walls, Mark Dignam agus The Prayer Boat ar *Carraigcheol* amach anseo.

By the year 2025 up to a quarter of the Earth's soil covered by desert.
International Council of Scientific Unions. Diarmuid J. O'Connell

Bás na Créafóige

AR FUD an domhain, tá an cré agus an ithir á milleadh. Ní scéal i mbéal an phobail é seo. Is mór i gceist an *ozone layer*, foraoiseacha an Amazon, téamh na cruinne agus leá na hoighre, athrú aeráide, ardú ar leibhéal na farraige, truailliú an uisce. Faic ní cloistear faoin *soil degradation* – bás na créafóige.

I láthair na huair, ós fada ó bhí Aois na hOighre ann, is drochchréafóg atá ar fud an domhain (féach painéal Béarla thall). Na mianraí a bhí chomh flúirseach sa láib a d'fhág an sruth oighre ina dhiaidh na míste bliain ó shin, tá siad ídithe, agus is gá athshaibhriú a dhéanamh.

Áit a n-imíonn an chréafóg le gaoth, nó áit a bhfaigheann an chréafóg bás, bíonn athdhéanamh na créafóige ann, *soil building*. Is próiseas tapaídh atá in idió agus i mbánú na créafóige má déantar forshaothrú uirthi agus gan deis athnuachana a thabhairt di. Ach is próiseas rímhall atá in athdhéanamh na créafóige – thart ar mhilliméadar gach bliain.

Go dtí an réabhlóid thionsclaíoch, bhí cothromaíocht idir fómhár na talúna agus athdhéanamh na créafóige. Mar gheall ar an réabhlóid thionsclaíoch, áfach, thosaigh an duine ag cur le táirgiú de gach cineál. Rinneadh tionscal den talmhaíocht, agus cuireadh an meon táirgiúil i bhfeidhm uirthi. Cuireadh dlús mór leis an gclaonadh sin sa dara leath den 20ú haois.

Bás na créafóige agus géarchéim na talúna, is toradh é ar an meon táirgiúil sin. Ach oiread leis an oibrí spíonta, traochta i monarchana Shasana san aois seo caite, tá an chréafóg í féin i ndeireadh na feide anois.

Tá an chothromaíocht idir an acmhainn oibre agus an táirgeadh briste. Níl deis athnuachana á tabhairt don chréafóg. Tá an próiseas athdhéanta créafóige rómhall i saol seo an *fast buck*.

An branar gan cur

ROIMH ré na holltalmhaíochta, d'fhágadh an feirmeoir páirc nó dhó dá chuid gan chur ó bhliain go chéile. D'fhásadh fiailí ann, neantóga, seamróg nó eile, nó scaipeadh sé aoileach nó feamainn, ionas go ndéanadh an chréafóg athnuachan uirthi féin. Thuig daoine go bhfaigheann an chréafóg bás is go n-imíonn a cuid torthúlachta aisti muna bhfaigheann sí deis athnuachana. *Rotation* atá air seo i mBéarla: sealaíocht.

"Rotations may have been a treadmill; the spread of work they achieved guaranteed the treadmill-like cycle of seasons, but under the new regime the treadmill was to use newer chemicals . . . to supply the larger amounts of nitrogen needed as the soil organic content decreased under increased areas of arable crops. The farmer may formerly have been a slave to his rotation . . . but now he was a slave to the chemicals rep and his new products." (Shiel, 1996.)

Faoi mar a bhí an fheirmeoireacht thraidisiúnta, is dearcadh fadtéarmach a bhí ag an duine ar shaothrú na talúna. Is dearcadh gearrtéarmach atá i réim anois.

Stócáil

IN IARTHAR na hÉireann, áit a bhfuil gannchuid cré is mórchuid cloch, ba nós le daoine a bheith ag déanamh créafóige i gcuid de na háiteacha ba bhoichte. Tá cáil ar an déanamh créafóige in Árann ó rinne Robert Ó Flaithearta an scannán *Man of Aran* sna tríochaidí.

Faisnéis ar mhodh talmhaíochta atá i gcuid den scannán seanaoiseach sin. Feictear ann na daoine is iad ag cruinniú dornáin créafóige sna scoilteacha idir na leacracha aolchloiche. Iad ag iompar cliabhanna móra feamainne aníos ón gcladach. Fear ag briseadh carraige le hord, é ag déanamh bruscar di buille ar bhuille. Smúsach cloiche, feamainn, agus dornán créafóige: sin iad a meascaí le chéile in Árann le cur leis an gcréafóg.

Stócáil an t-ainm Gaeilge atá ar an obair. Dar ndóigh, is é an míbhuntáiste a

er may be lost due to accelerated erosion, according to a 1991 report from the Johnson looks at the consequences and the possible solutions.

bhaineann leis an stócáil gur sclábhaíocht agus crácamas a bhí ann. De bharr an innealra atá ann lenár linn féin, áfach, ní gá an charraig a bhriseadh le hord níos mó.

Bíodh is gur sclábhaíocht a bhí sa stócáil, bhí toradh air. Deir M.J. Conroy (*Journal of Soil Sciences* 22) go bhfuil doimhneas 90 cm sa talamh stócaíte in áiteacha in iarthar na hÉireann.

An stócáil seo a bhíodh á cleachtadh in Árann, mar shampla, tá sé ar aon dul le modhanna oibre lucht athshaibhríthe na talúna lenár linn féin. *Remineralisation* a tugtar ar an bpróiseas seo. Is éard is ciall le *remineralisation* púdar nó smúsach cloiche a dhéanamh, agus é a scaipeadh ar an gcréafóig.

Seo próiseas a tharlaíonn go nádúrtha ag deireadh gach aois oighre. De réir mar a léann an sruth oighre, déanann sé meilt ar an ngraibhéal cloiche faoi. Fágann an sruth oighre púdar mín, lán mianraí ina dhiaidh, agus scaipeann an ghaoth é sin i bhfad is i ngearr. Ach ní féidir linn fanacht go dtí go dtarlóidh an próiseas nádúrtha seo arís. Is dúshlán ollmhór don chine daonna a bheas ann san aois seo chugainn athshaibhriú a dhéanamh ar an gcréafóig leis na mianraí cearta.



An bhfuil deireadh leis an tseanfheirmeoireacht?

Beidh iarrachtaí móra á ndéanamh le teacht i gcabhair ar an talamh spíonta. Cosnóidh sé na céadta billiún punt. Ach ní chloisfidh tú tada faoi seo san idirbheartaíocht faoin CAP a bhíonn ar siúl sa Bhruiséil.

Ina leabhar *The Survival of Civilisation*,

deir John Hamaker: "Undertaking the task of remineralisation is urgent to restore our agricultural soils; to save the dying forests in the temperate latitudes; and to stabilize our climate." An *men of Aran* a bheas againn sa 21ú haois, nó brobh i ndiaidh na mbeart?

The hidden cost of agribusiness

WHEN glaciers advance and then recede during each recurrent ice Age, they grind down rocks in their path. This mineral-rich dust is blown far over the surface of the earth, remineralising soils and causing plant life to thrive again.

The Earth's soil becomes demineralised during each interglacial period, the relatively short 10,000-year warm period between each 90,000-year major ice Age. New soil is produced at different rates, depending on location, but it is always slow – about a millimetre a year.

In the millennia since the last ice Age, the Earth's soil has lost many nutrients and minerals. This natural process has been greatly exacerbated by a recent phenomenon – the industrial agriculture of the late 20th century.

Soil erosion is set to be one of the big environmental issues of the 21st century. In 1991 the International Council of Scientific Unions said that by the year 2025 – and even presuming humankind is successful in holding the present annual rate of erosion to 23×10^5 tons/year – between 20% and 24% of the Earth's total soil reservoir could be lost.

Already, according to some scientists, about 10% of all the energy used in agriculture in the United States goes on offsetting the losses of nutrients, water, and crop productivity caused by erosion.

This energy is mostly derived from fossil fuels, which is a finite and fast dwindling resource. Like the US, most developed countries rely heavily on fertilizers derived from fossil fuels, pesticides, and

irrigation schemes which demand a considerable amount of energy.

The late 20th century's overdependence on fossil fuels creates its own problems. "There is evidence to suggest that as forests begin to die off worldwide, giving off carbon dioxide, the climate of the Earth is altered, triggering the transition from the warm interglacial to an ice Age. We are hastening this process with the burning of fossil fuels." (Hallfield, 1998.)

These hidden, longterm costs of agribusiness are frequently ignored by economists when they say, for example, that smallholders are no longer "viable". In truth, large farms are often more unsustainable than smaller ones, when these factors are taken into account.

"Short-term economic perspectives are responsible for masking losses in soil productivity with additional inputs of fertilizer. The crisis affecting the world's soils will remain hidden until it reaches its final stages." (*Precious Earth*, 1997.)

Another hidden cost of agribusiness is increased energy and transport costs, due to the globalisation of markets. "The removal of trade barriers in 1992 has been predicted to encourage Europe-wide operations, and food companies such as supermarkets are expected to increase their geographical coverage and use of freight transport. The distance foods are transported around the UK has increased 50 per cent over the past 15 years. A third of the growth in UK road freight over this period is attributable to food, drink and tobacco." (Paxton, 1996.)

Cén Fáth nach bhfuil Aird ar Bhás na Créafóige?

"IT'S DIRTY." Sin é an freagra a thug David Pimentel, fear timpeallachta, ar an gceist, 'cén fáth nach bhfuil aird an phobail ar bhás na créafóige?'

Dirt, much, soiled reputations: tarcaisne atá ag Béarla na linne don talamh féin. *Mother Earth*, is minic a cloistí é, ach ar nath ársa, fileata atá ansin feasta? Cé a cheapadh gurbh ionann *husband* agus feirmeoir ó thús? Ní tarcaisne do talamh a bhíodh ann tráth den saol, ach ómós.

Ithir, cré, fonn, úr: tá nádúr agus seandacht sna focla Gaeilge a bhaineann leis an talamh. Tá rian na seanaimsire orthu ón uair a thuig an duine gur cuid den talamh é féin. Fód a bhreithe, fód a bháis, fód an dúchais: trí fhód a raibh ómós aige dóibh. Tá rian an tseanómóis seo ar theangacha eile. *Adama* atá ar ithir san Eabhrais, agus *Adam* ar an gcéad duine.

Péisteanna agus Pandas

"THERE ARE no Panda Bears in the soil." Sin freagra eile ar an gceist a cuireadh ar Pimentel. Níl sa talamh ach an phéist talúna. Ach is rud ar bheagán áilleachta atá sa bpéist bhocht. Ní maith an pictiúr í ar chlúdach irise. Ní maith an rud ar an teilifís í. Níl sí *spectacular*, *cuddly*, *sexy* ná *charismatic*.

Bíonn an phéist ag síorscagadh na créafóige, á tabhairt chun míneadais ionas gur féidir leis an bpréamh is tanaí greim a bhaint amach agus cothú a fháil ó na mianraí. Is í an phéist beatha na talúna.

Dustbowl

IS CUIMHIN le feirmeoirí na Stát Aontaithe an *dustbowl* sna tríochaidí. Seo í an chéad uair san aois seo a chuaigh *soil degradation* i gcion go mór ar na daoine sa domhan thuaidh.

Ní fadhb nua atá ann mar sin. I gcás an *dust bowl*, treabhadh an iomarca talúna agus fágadh gan foscadh é. Mar gheall ar an teas agus an ghaoth mhór, rinne an chréafóg púdar, agus sciob an ghaoth léi é.

Is annamh a bhíonn toradh chomh drámatúil ar *soil degradation*, áfach. Sin fáth eile nach mbíonn caint air. Ní hionann agus El Niño, ní toradh feiceálach é.



"AIMSIR BHREÁ LEIS AN BHFÓMHAR A CHUR ISTEACH."

CUID DE na comharthaí sóirt a bhaineann leis an athrú ar dhearcadh an duine i leith na talúna, tá siad le sonrú ar shaol na héireann. Praghas nó luach na talúna an chéad cheann. Luach mór ar ghiodán, suíomh nó láthair, de bharr na háilleachta atá ann, de bharr an chongair chun na hoibre, nó de bharr cháil na háite. Is mór an suntas an t-ardú ar phraghas na talúna in iarthar na héireann. Ní hannamh £30,000 ar leathacra clocha agus raithní.

Ta an gearrthéarmachas le sonrú ar dhearcadh lucht déanta an airgid i leith na talúna freisin. Ídíodh an mhóin go tobann i ndeireadh na haoise seo ionas go bhfuil cosc feasta ar bhaint na móna in áiteacha. Áit a bhfuil an mhóin ídithe, nó an talamh bocht, tá an t-á clúdach le brat síorghlas na bhforaoiseacha. Cén fáth? Mar go mbeidh brabach ar an gcrann síorghlas gan mórán moille.

Féach freisin an dearcadh coiteann i leith na garraíodóireachta. Fataí a chur, an ea? Meacain, oinniúin, agus eile? Ní fiú an tairbhe an trioblóid. Tá sé níos saoire iad a fháil sa siopa. Seo drochmheas ar an gcréafóg féin. Ach is é fírinne an scéil go bhfuil

muid ag tabhairt ár gcuid glasraí thar tír isteach. Sna longa móra a thagann siad. Ola agus peitreal: is breosla inloiscthe a dhéanann na longa a thiomáint. De bharr drochmheas ar an gcréafóg, agus costas na himportála, tá Éirinn páirteach go dlúth sa talmhaíocht neamh-inmharthana. *Food miles* a deir an Béarla le síor-iompar seo an bhia.

De bharr gur acmhainn so-ídithe atá sa mbreosla inloiscthe, tá an talmhaíocht ina tionscal neamh-inmharthana feasta. *Unsustainable* a thugann an Béarla air sin.

Is é an dearcadh atá coitianta san Eoraip, faoi láthair, gurb iad na feirmeacha beaga atá neamh-inmharthana, ach gur féidir leis an bhfeirmeoir mór slí bheatha a bhaint amach.

Cinnté is féidir, go gearrthéarmach. Ach go fadtéarmach, de bharr so-ídiúlacht an bhreosla inloiscthe, fóirdheontaisí, agus cúiseanna nach iad, is ionann cás an fheirmeora mhóir agus an fheirmeora bhig.

Ní idir an bheirt sin ba chóir an t-idirdhealú a dhéanamh, ach idir torthúlacht na talúna inniu, agus neamhthorthúlacht na talúna amárach.



Léamh agus scríobh i nGort a' Choirce

Tá fadhb cheilte na neamhlitearthachta á leigheas i nGaeltacht Thír Chonaill de bharr cúrsaí deonacha sa léamh agus sa scríobh, arsa **Clare Ní Shúileabháin**.

DE REIR na stataisticí, tá deacrachtaí móra ag 80,000 daoine fásta sa tír seo le léamh agus bunlitriú. Arsa an Páipéar Glas ar Oideachas in Éirinn: "A large number of people fall within the lower and middle range of literacy scales [and are] unable to participate fully in the economic and civic life of today's advanced nations."

Is díol iontais mar sin nach bhfuil cuidiú á thabhairt ach do 5,500 duine in Éirinn. Is leas le daoine cabhair a lorg mar is cúis náire dóibh an bac atá orthu. "Is í an bharúil choiteann gur duine ar bheagán éirime an duine nach bhfuil léamh ná scríobh aige," arsa Martine Ní Niadh, bean atá gníomhach i dteagasc na litearthachta i nDún na nGall. Aineolas agus easpa tuisceana is mó is cúis leis an tuairim seo, dar léi.

Ní mar sin do chách. "Glacann tú go bhfuil léamh agus scríobh a theanga dúchais ag achán duine. Ní fhéadfainn mo shamhlú gan an cumas sin," arsa duine de na mná a ghlac páirt i gcúrsa do lucht teagaisc na litearthachta i nGort a' Choirce ar na mallaibh. Seo ceann de 120 cúrsa atá ar siúl ar fud na tíre.

Is iomaí scéal a léiríonn cás an té nach bhfuil léamh agus scríobh aige. Fear óg amháin a tháinig chuig Martina Ní Niadh le foghlaim le biachlár a léamh: theastaigh uaidh a chailín a thabhairt amach chuig béile.

Duine eile a chuaigh chuig an díoscó. Iarradh air ainm agus seoladh

a scríobh don crannchur i ndeireadh na hoíche. "Chum sé leithscéal," arsa Caroline, oide as Gort a' Choirce, "ach mhill sé an oíche air."

Tá Christine 46 bliana d'aois agus í ag foghlaim le bliain anuas.

"Bhínn ag rá le daoine nach raibh mé ró-éirimíúil," ar sí. "Ní raibh meas agam ar mo bharúil féin, mar mheas mé go raibh i bhfad níos mó léite ag daoine eile."

D'fhág Christine an scoil nuair a bhí sí ceithre bliana déag. Bhí fadhbanna móra aici leis an litriú. Nuair a chuireadh sí isteach ar phost, níor thuig sí cén fáth nach bhfaigheadh sí freagra. Cuireann sí an locht ar na múinteoirí. "Bhí sé de dhualgas orthu a chinntiú go raibh an litriú bunúsach ar mo thoil agam," ar sí. Tar éis breis agus bliain a

chaitheamh ag foghlaim, maíonn sí go bhfuil athrú mór ar a saol.

Duine agus duine an modh teagaisc a chleachtann lucht na scéime i dTír Chonaill. Obair dheonach atá ann. "Tá an modh teagaisc seo iontach tábhachtach sa Ghaeltacht ach go háirithe," dar le Colm Mac Ghiolla Easpaig. "Tchítear domh gur fearr le daoine obair ar mhodh rúnda in áit bheag mar seo, áit a mbíonn aithne ag achán duine ar a chéile."

Más fadhb cheilte í an neamhlitearthacht, is measa agus is casta an fhadhb sa nGaeltacht í. "Táthar ag plé le dhá theanga sa Ghaeltacht," arsa Cathal Ó Fearaigh, oifigeach oideachais le Páirtíocht Thír Chonaill. "B'fhéidir go bhfuil an scríobh agus an léamh go líofa ag duine i dteanga amháin ach nach bhfuil sealbhú cruinn na teanga eile aige."

Bíodh sin mar atá, ní raibh fáil ar oidí oile sa Ghaeltacht go dtí le deireanaí nuair a cuireadh cúrsa Ghort a' Choirce ar bun. Tá Gairmscoil Ghort a' Choirce foscailte anois, agus tá idir leabhra agus áiseanna eile ar fáil don oide agus don dalta. Tá súil cur leis an tseirbhís sa bhfómhar ionas go mbeidh seirbhís luachmhar, riachtanach ar fáil sa nGaeltacht.

NUAHTÁN DON TRÍÚ MÍLAIS

Lá

www.nuacht.com

Glac síntiús le Lá

Costas:	Éire & an Bhreatain	SAM
Bliain amháin:	£45 ÉI £40	\$65
Sé mhí:	£25 ÉI £22	\$35
Trí mhí:	£13 ÉI £15	\$18

Is féidir íoc le visa ar
(01232) 501111

nó seic a chur chuig:

Síntiúsí

Lá

**301 Bóthar na Gleanna
Béal Feirste BT11 8BU**

bás na tuarascála



Ainneoin an dua a caitheadh le tuarascáil rialtais faoi na Coláistí Gaeilge, a réim, a ndrém agus a bhfuil i ndán dóibh, agus ainneoin liosta fada moltaí faoin riaradh agus faoin stiúrá is gá, cuireadh an tuarascáil síos díreach sa talamh. Tuairisc le hUinsíonn Mac Dubhghall.

CUIG BLIANA ó shin chuir Michael D. Higgins coiste beag le chéile chun "athbhreithniú bunúsach" a dhéanamh ar scéim na gcoláistí samhraidh.

Ceathrar a cheap sé ar an gcoiste: Máire de Bhaldraithe, múinteoir ar an gCeathrú Rua (ina cathaoirleach); Gearóid Ó Conluain, cigire sinsearach sa Roinn Oideachais; Pádraig Ó Beaglaoich, príomhoifigeach sa Roinn Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta agus oifigeach eile ón Roinn, Sean Mac Foin (ina rúnaí).

Cuireadh a dtuarascáil faoi bhráid na Roinne faoi Nollaig 1995. Níor foilsíodh go poiblí é go dtí anuraidh. Cuireadh formhór mór na moltaí ar leataobh, cé gur tugadh ardú beag tuarastail do na mná tí.

Léargas eile den neamhshuim oifigiúil i leith na Gaeltachta atá sa méid sin. Tá an saol ag athrú go sciobthaí, agus is gá céimeanna dearfacha a ghlacadh leis an scéim fhiúntach seo a chur in oiriúint don mhílaois nua. Ach ní léir aon deifir mhór ar Éamon Ó Cuív ná ar an Roinn na céimeanna sin a ghlacadh.

Mar shampla: tuairiscítear deacrachtaí móra ag coláistí áirithe a ndóthain ban tí a mhealladh chun dídean a thabhairt do na "Gaeilgeoirí"; bíonn roghanna eile acu thar mar a bhíodh, agus pá níos fearr le fáil in áiteanna eile. In airgead 1995 measadh gurbh fhiú £10 milliún sa bhliain tionscal na gcoláistí samhraidh. Is cinnte gur fiú i bhfad níos mó ná sin é faoin dtráth seo.

Béarla agus Fimínteacht

Isteach is amach le 22,000 scoláire a thagann chun na Gaeltachta chuile shamhradh chun freastal ar na coláistí. Foghlaimíonn cuid acu roinnt Gaeilge.



Iar-Aire na Gaeltachta Michael D. Higgins

Bíonn meas áirithe ag a lán eile ar theanga a sinsear agus iad ar an mbus abhaile.

D'aithin an coiste go mbíonn "drochthionchar folaigh" ag daltaí na gcoláistí samhraidh ar nósmaireacht teanga a gceantair, i gcásanna áirithe. Níl focal ar bith sa tuarascáil, áfach, faoin drochthionchar folaigh a bhíonn ag ceantair áirithe ar nósmaireacht teanga na ndaltaí, nuair a fheiceann siad an Béarla agus an fhimínteacht i réim le chéile.

Moladh amháin sa tuarascáil ná go gcuirfí riail na Gaeilge i bhfeidhm "go daonna, tuisceanach" i ngach coláiste. An ndéanfar amhlaidh i mbliana, nó an gcloisfear na gnáth-thuairiscí arís an samhradh seo faoi chailíní a chuirtear abhaile as excuse me agus a leithéid a rá?

Céim sa nGaeilge?

MOLTAR sa tuarascáil go ndéanfaí clár teagaisc cuimsitheach a fhorbairt, agus deirtear go raibh "díomá" ar an gcoiste faoi na cláracha a bhí i bhfeidhm ag cuid de na coláistí. "Ba léir dúinn go raibh laig i bpleanáil na gclár agus nach raibh dóthain déanta chun na seisiúin ranga a chur in oiriúint do chaighdeán Gaeilge na ndaltaí. Bhíomar díomách freisin faoi a laghad béime a leagadh ar rannpháirtíocht na bhfoghlaimoírí i gcothú na beochumarsáide, agus ba bheag áisteagasc a chonaiceamar in úsáid n seachas an chailc agus an cóipleabhar."

Moltar go mbeadh baint ag na coláistí iad féin i gcur le chéile an chlár nua, agus go mbeadh freagracht ar choistí stiúrtha na gcoláistí féachaint chuige go mbeadh áiseanna teagaisc feiliúnacha ar fáil ina gcuid seomraí ranga.

Deirtear go mbíonn caighdeán Gaeilge mhúinteoirí áirithe "easnamhach, idir a labhairt agus a scríobh". Moltar go gcuirfí coinníoll nua leis na rialacha atá ann faoi láthair, sé sin, go mbeadh Gaeilge mar ábhar acadúil déanta don chéim ag múinteoirí sna coláistí.

Seo cuid de na príomh-mholtaí atá sa tuarascáil:

- Go mbeadh ról monatóireachta ag cigirí iarbhunscoile sna coláistí, agus ag múinteoirí a bhfuil sainscileanna i múineadh na Gaeilge acu
- Go mbeadh ionadaíocht ag mná tí, ag an bhfoireann teagaisc agus ag an bpobal áitiúil ar choistí stiúrtha na gcoláistí, agus go mbeadh cothromaíocht idir fhir agus mhná orthu
- Go mbeadh ar gach coláiste cuntas iomlán airgeadais a chur ar fáil don dá Roinn gach bliain
- Go mbunófaí "comhchoiste pleanála agus monatóireachta" idir an dá Roinn lena gcuid gníomhaíochtaí i leith na gcoláistí a chomhordú
- Maidir leis na cúrsaí d'ábhair oidí, go mbeadh ar na daoine sin "tionscnamh substaintiúil, a éileodh teagmháil le muintir na háite, a dhéanamh le linn an chúrsa".



Seán Mag Uidhir

An Fód Fuar

Ar an 29 Bealtaine fuair na gardaí corp Eamon Molloy, fear ó cheantar na Seanpháirce i dTuaisceart Bhéal Feirste, é i gcónra i reilig na Fochairte, Contae Lú. Sin é an an chéad chorp a aimsíodh díobh siúd a dtugtar na *disappeared* orthu. Tar éis tost na mblianta, labhair cuid de mhuintir na ndaoine a fuadaíodh le *Cuisle*.

AN CHÉAD tSEACHTAIN i ndiaidh do na Gardaí teacht ar chorp Eamon Molloy, bhí an tír ar fad ag leanúint an chuardaigh ag na suíomhanna éagsúla a d'ainmnigh an tIRA don Choimis-

Iš díol suntais nár tosaíodh ar an fheachtas chun na coirp a aimsiú go dtí tús na '90í. Agus is suntasaí arís nach raibh a fhios ag na clanna a d'eagraigh an feachtas go raibh Eamon Molloy ar iarraidh, cé go raibh a fhios ag go leor dá phobal

"Thuig mé cúpla bliain ina dhiaidh sin gurbh é an tIRA a mhar-aigh é cé nár admhaigh duine ar bith é. Níor athraigh sé mo mheon faoin chogadh a bhí ag dul ar aghaidh ar leic an dorais ag an am sin go laethúil. Ghlac mé leis nach dtiocfadh mo dheartháir ar ais choíche."

Dúirt an duine seo liom go bhfuil sé an-deacair glacadh leis anois go bhfuil seans ar bith ann go dtiocfaidh na Gardaí ar an chorp. "Anois tá sé beagnach osnádúrtha. Téim ag obair ar maidin, bíim i mbun ghnó an lae, agus bíim ag rá liom féin, 'an bhfuil sé seo uilig ag tarlú'. Bímse buartha faoi mo thuismitheoirí mar tá siad sean anois, agus tá an rud uilig ag teacht ar ais chucu. Tá sé iontach aisteach dúinne a bheith ag plé leis na Gardaí ar an rud seo, mar ní bheadh dáimh ar bith againne leo, ach bhí siad go han-deas linn. Is poblachtóirí muid go fóill in

'Bhí dímheas i measc an phobail sin riamh ar dhuine ar bith a thabharfadh eolas don arm nó don RUC'

iún faoi choinne an *Location of the Disappeared*. Na Gardaí ag tochailt 's gan toradh ar an obair: bhris an radharc sin croí na tíre.

Ach is scéal eile atá sa chiúnas iomlán a chleachtann formhór mhuintir na *disappeared*, ina measc muintir Eamon Molloy. Is scéal é a bhaineann go dlúth le saol an phobail náisiúnaigh ó thuaidh. Diúltaíonn na daoine seo glan labhairt leis na meáin. Don chuid is mó, is Poblachtánaigh iad muintir na *disappeared*, agus baineann siad leis an phobal a chonaic an chuid ba mheasa den chogadh salach a bhí ann ó thuaidh le 30 bliain anuas.

Tá spiorad agus bród sa phobal i dtuaisceart agus in iarthar Bhéal Feirste. Agus bhí dímheas i measc an phobail sin riamh ar dhuine ar bith a thabharfadh eolas don arm nó don RUC. Fiú daoine a bheadh glan in éadán modhanna an IRA chun deileáil leis an sceitheadh eolais, bheadh dímheas orthu ar an té a dhéanadh é. Sa phobal dlúth atá sna ceantair náisiúnacha i mBéal Feirste, ba rún oscailte é gurb iad an tIRA a thug leo na *disappeared*.

Cé go raibh a fhios ag cách go raibh daoine ar iarraidh, ní labharfadh daoine faoin ábhar, chan le heagla roimh an IRA, ach níor mhaith leo rud a rá le muintir an té a fuadaíodh a chuirfeadh olc nó pian orthu.

féin. "Bhí a fhios againne go raibh Éamonn ar shiúl," arsa comharsa dá chlann liom. "Rún oscailte é i measc an phobail a raibh aithne againn air. Ach níor luaigh muid arís é ar eagla go gcuirfeadh sé isteach ar a chlann, mar ba dhaoine deasa iad. Agus muid ag amharc siar air, bhí sé go an-aisteach. Bhí an fear seo imithe, agus níor labhair muid air. Bhí sé ann lá amháin agus ar shiúl an lá ina dhiaidh. Sin mar a bhí sé."

'Níor athraigh sé mo mheon faoin chogadh a bhí ag dul ar aghaidh ar leic an dorais ag an am sin'

Rún agus Tost

SIN É SCEÁL mhuintir Éamon Molloy, ach chomh fada 's a bhaineann le tuilleadh de mhuintir na ndaoine a fuadaíodh, tá neamhréalaíocht éigin ag baint leis an chuardach a rinneadh le deireanas. Dúirt duine amháin liom go raibh sé iontach deacair ar an chlann i dtús. Shíl siad gurbh é arm na Breataine ba chúis leis an fhuadach, agus an chéad bhliain shiúil a thuismitheoirí na sráideanna ó mhaidin go hoíche ag iarraidh eolas a fháil air.

"Bhí mé ar an mheánscoil ag an am. Ag an aois sin a ngortaíonn rud mar sin go dona thú," arsa sé liom.

ainneoin an rud a tharla, agus cé go bhfuil mo thuistí aosta anois chuaigh siad amach chun vótáil do Shinn Féin sna toghcháin Eorpacha i Mí Mheithimh. Ní shílím go dtiocfaidh na Gardaí ar an áit a cuireadh mo dheartháir san iargúlacht ach le hiarracht mhór den ádh. Tá siad ag déanamh a ndíchill, ach tá sé chomh fada sin ó cuireadh é agus an oiread sin athraithe i ndiaidh theacht ar an áit gur beag seans go bhfaighfidh siad é. Glacann muid leis nach bhfuil neart air."

Ní fios cén chríoch a bheas ar scéal na ndaoine fuadaithe, ach cinnte beidh sé ar cheann de na scéalta is measa a tháinig chun cinn ó thuaidh i rith na dtrioblóidí ar fad.

Sliabh gCua na hÉigse

BLIAIN MHÓR í 1999 sna Déise. Tar éis na Féile Náisiúnta Drámaíochta agus Chomórtas Peile na Gaeltachta, beidh an tOireachtas i nDeireadh Fómhair ann. Ní go lár an aonaigh agus go Rinn Ó gCuanach atá triall *Chuisle* an mhí seo áfach, ach go Sliabh gCua, tamall ó thuaidh, áit a bhfuil flúirse breac in abhainn na hUidhre, cineáltas na dúiche, agus 'Géill Slí' scríofa i nglanGhaeilge...

Ag teacht aniar ó Luimneach agus ó Chorcaigh, nó aduaidh trí Thiobrad Árann duit, feicfidh tú Na Comaraigh agus Cnoic Mhaol Dún ag éirí de mhíntír na Siúire uait. Ar shroichint Chluain Meala duit, lean ort ó dheas go Baile Mhac Cairbre, agus is sa mbearnas idir na cruacha sin ar bhóthar Dhún Garbháin atá Sliabh gCua.

Sa lá atá inniu ann, tugtar paróiste *Cesskinnane* ar Shliabh gCua. Fíche seacht míle cearnach nó mar sin atá ann. Is é baile Tuar an Aonaigh atá i gceartlár an pharóiste. Sa tseanaimsir, is sa gCnoc Buí, taobh thoir den bhóthar, a bhí croi an cheantair. Soir ó dheas, is i bparóiste Choill Gobnait atá teora an cheantair.

Áiríodh Sliabh gCua ina cheantar fíorGhaeltachta sna fichidí. Agus roimhe sin, i 1891, bhí suas le 20,000 Gaeilgeoirí sna Déise ar fad, sin beagnach dhá thrian den daonra. San am sin, ach oiread leis an lá inniu, is i Rinn í gCuanach is láidre a bhí an Ghaeilge sna Déise. Ag scríobh dó sa *Waterford News* sna fichidí, seo mar a labhair Seán Ó Cadhla:

"Níl aon aoibhneas ann acht teacht agus éisteacht le páistibh beaga na Rinne nuair do bheidhís ag súgradh dóibh féin agus iad ag cur na Gaeilge díobh in a slaoda go slachtmhar."

Tharla comhoibriú sa Rinn sular tháinig meath ar bith ar an teanga idir cuid de mhuintir na háite agus gluaiseacht na hathbheochana. Sampla den chomhoibriú seo



Éamonn Ó Bróithe

is ea scéal Mhichíl Uí Fhoghlú, máistir scoile, agus scéal Choláiste na Rinne.

I 1906, rinneadh teach beag adhmaid ar phaiste talúna ar Bhóthar na Sop. I 1909, fuair lucht na Choláiste seilbh ar theach i Maoileach Eorna. Fothrach a bhí ann is gan díon air, ach faoi mhí lúil na bliana céanna, bhí cóir ar an teach, agus obair an Choláiste ar siúl ann ar feadh na bliana.

I Sliabh gCua áfach, lean an meath. I rith na gceathrachaidí, bhailigh Séamus Ennis go leor amhrán ann. Is dóichí gurb é Labhrás Ó Cadhlaigh an fonnadóir ab inniúla dar mhair agus Gaeltacht Shliabh gCua ar an dé deiridh. Tógadh amhráin ó Sheán Ó Cofaí i 1948, agus ó Sheán Ó Cléire ó Bharra na Stuach i 1954, agus is dóigh nár éag an cainteoir deireanach Gaeilge ann go dtí na seachtóidí. Bhí traidisiún bisiúil filíochta agus amhrán i Sliabh gCua an dá lá ar mhair an Ghaeilge ann. Tá Éamonn Ó Bróithe ag cnuasach cuid den ábhar. Phléigh sé a shaothar le *Cuisle*.

DIARMUID JOHNSON:

Céard is ábhar don leabhar atá tú a scríobh?

ÉAMONN Ó BRÓITHE:

Filíocht agus amhráin a scríobhadh nó a cumadh i gceantar Shliabh gCua, nó ábhar a bhailigh an Coimisiún Béaloideas i gceantar Shliabh gCua sna triochaidí. Agus roinnt arís ansin ó láimhscríbhinní san Acadamh Ríoga, saothar a bhailigh Seán Ó Dálaigh agus scríbhneoirí eile de chuid an naoú haois déag, agus deireadh an ochtú haois déag. Baineann cuid mhaith de leis an ochtú aois déag, an chuid is fearr de, b'fhéidir.

Cé hiad na filí a bhfuil tú ag díriú ar a saothar?

Ceann de na filí is luaite leis sin ná Liam Ó Moráin. Ní raibh aon dán de chuid Liaim i gcló ach ag Seán Ó Dálaigh sa dara eagrán de *Poems and Poetry of Munster*. Tá roinnt eile dá chuid gur éirigh liom teacht orthu. Is cosúil nach maireann na láimhscríbhinní a bhain leis an traidisiún léinn ins an gceantar sin. Ach d'fhág sé tionchar aríst ansin ar an traidisiún béil. Bhí fear eile, Seamus de Paor as Gleann na hUidhre, as Gráig na nGabhar, agus bhí sé sin ag saothrú leis ins an ochtú aois déag, agus maireann roinnt solaoidí dá chuid filíochta. Tá cúpla duine eile ann nach eol domsa aird a bheith orthu. Thar aon duine eile tá Máire Ní Dhonnabháin as Curach na Slaodaí, Máire na gCaointí. Mhair a cáil i measc na ndaoine chomh fada is a mhair an Ghaeilge féin. Tá an t-ádh liom: D'éirigh liom teacht ar thrí cinn d'aistí réasúnta maithe dá cuid siúd, agus ana-chuid béaloidis ar ndóigh mar gheall uirthi.

"an bheirt fhilí is mó ar mhair meas orthu i measc mhuintir na háite, is beirt bhan a bhí iontu"

An bhfuil cáil ar fhilí ban i dtraidisiún Shliabh gCua?

An rud faoi Shliabh gCua, is díol suntais é, an bheirt fhilí is mó ar mhair meas orthu i measc mhuintir na háite, is beirt bhan a bhí iontu, Máire Ní Dhonnabháin agus Eileen Daltún. B'as an gCnoc Buí do Eileen Daltún, agus mhair sise mórthimpeall tosach an naoú haois déag. Glúin roimpi sin a bhí an bhean eile.

Cén mínlú atá agat féin ar an lorg a d'fhág na mná ar an éigse?

An chaointeoireacht. Go háirithe nuair atá tú ag caint ar thraidisiún tuaithe seachas traidisiún léannta, go háirithe nuair a bhí an traidisiún léannta ag dul i léig, pé cruthaitheacht agus úire a bhí sa bhfilíocht, is ag na mná a bhí sí, agus ag na mná caointe, mar b'éigean dóibh dul isteach agus a bheith ag cumadóireacht. Tá níos lú liriciúlachta ina gcuid iarrachtaí, agus bíonn siad níos talmhaí agus níos saoihiúla, agus níos fileata.

Ar mhair sampla ar bith den chaoinéadh ar téip nó ar taifead?

Mhair. Tá roinnt ag Labhrás Ó Cadhlaigh. Ba as Scairt na Droimní dósan, agus is iad a mháthair agus a aintín a thóg é, agus de réir Shéamais Ennis, nuair a bhíodh na gasúir eile amuigh ag spraoi, go bhfanadh seisean cois tine ag éisteacht le siosma na seandaoine.

An raibh rithim faoi leith ag dul leis na caointe a bhí ag Labhrás?

Bhí cúpla sampla aige, agus is é an ceol céanna a bhí aige le gach aon cheann acu. De bharr go raibh na caointe seo á gcumadh as láimh, ní bheifeá ag súil leis an bhfoirfeacht chéanna agus a bheadh i ndán scríofa. Tá neamhrialtacht ann in áiteachta. Tá meadar sa gceol agus bíonn iar dul i ngleic leis an neamhrialtacht seo.

Inis dom beagán faoin gcaoi a ndeachaigh an léann i gcion ar thraidisiún na ndaoine i gceantar Shliabh gCua.

Bhí an ceantar mar chuid d'eastáit an-mhór a bhí ag na Villier-Stewarts, tiarnaí móra talún de shíolrach Ghearlaigh na nDéise. D'iompaigh siad ina bProtastúnaigh sa 17ú céad, agus d'fhan siad dílis don choróin. Ach d'fhág sé sin iarthar na nDéise an-Ghaelach, mar níor coigistíodh an eastáit agus níor plandáladh an áit. Bhí dream ansin, na Craithigh, cuid de mhuintir Uí Shúilleabháin Mhóir Uíbh Ráthach iad sin. Ach bhíodar mar amhais ag Gearaltaigh Dheasmumhan. Sílim gurbh é Gearóid file, an tríú i Iarla Deasmumhan, Gearóid Mór, a lonnaigh in oirthear DheasMumhan. Agus is dócha i ngeall gur ceantar sléibhe a bhí



ann, ceantar cúlráideach go maith, fágadh ansin iad anuas go dtí aimsir Chloimaill. Tá lorg caisleáin dá gcuid i gCurach na Slaodaí atá taibhsiúil go leor, agus ana-chuid seanchais faoi. D'fhan siadsan ina dtiarnaí talún san áit le linn an ochtú aois déag, agus is cosúil go mbídís ag déanamh pátrúntachta.

Mar sin bhí leanúnachas ann.

Bhí, go dtí gur imigh na Craithigh i léig le fáthanna éagsúla eacnamíochta agus sóisialta san ochtú aois déag. Sílim gur mhair meas ar an léann agus ar an traidisiún Gaelach i Sliabh gCua mar gheall nach raibh léirscios ann mar a bhí in áiteacha eile, agus gur mhair sé anuas beagnach go dtí aimsir a ghorta.

"Bhíodh Seán Ó Riada, agus daoine eile fós, ag déanamh comparáide idir traidisiúin áirithe sean-nóis, agus ag rá go bhfuil an sean-nós Muimhneach mar seo agus an sean-nós Connachtach mar siúd ..."

Maidir le Labhrás Ó Chadhlagh agus a chuid comhDhéiseach, an ralbh cosúlacht idir a gcuid fonnadóireachta agus an rud a dtugtar sean-nós air sa lá atá innlu ann?

Bhí. Bhíodh Seán Ó Riada, agus daoine eile fós, ag déanamh comparáide idir traidisiúin áirithe sean-nóis, agus ag rá go bhfuil an sean-nós Muimhneach mar seo agus an sean-nós Connachtach mar siúd. Feictear domsa, dá fhad siar dá dtéann tú gur cosúla le chéile a bhíonn siad. Agus go bhfuil an oiread chéanna

maisiúchán agus ornáidíochta in amhránaíocht Labhráis Uí Chadhlagh is a bheadh ag aon duine as an Aird Mhóir i gCarna. Fuair mé taifead i Roinn Bhéaloideas Éireann dífhear darbh ainm Tomás Ó Corcoráin, drochthaifead ceart ó thosach an chéid, agus bhí aois réasúnta mór ag an bhfear. Rugadh é roimh an drochshaol. Ach ag éisteacht leis, murach a chanúint, cheapfá gurbh é Val Flatharta a bhí ann.

De réir an ruda atá tú a rá, bhí an stíl seo i réim forleathan go leor.

Chomh fada is atá mé i ndán a dhéanamh amach - is tuairim atá ann agus baoth-thuairim - bhí traidisiún Gaelach amhránaíochta i réim, traidisiún a bhí éagsúil ar fad, fad is a bhí an Ghaeilge i réim, agus b'fhéidir go raibh an traidisiún sin ar fuaid Éireann ar fad, mura raibh rud eicint difriúil i dTuaisceart na hÉireann.

Dá réir sin, chuaigh an stíl seo i léig, ach mhair sé i gConamara, mar shampla. Ní hé gur nuaíocht ná lonrámhaíl atá sa stíl seo le delreanas, dar leat?

Ní cheapaim é. Ach tá claonadh ann rudaí a rá níos moille anois. Agus gan dóthain suntais á thabhairt don rud atá á rá. Ach tá sé seo bunaithe ar chúpla solaoide fhánach a chuala mé. Agus níl oiread chéanna cloiste agam as Corcaigh ná Ciarraí.

An bhfuil siad ann?

B'fhéidir go bhfuil. Chaithfeadh sé go bhfuil, an té a mbeadh eolas aige orthu. Ach ní chuirfeadh sé iontas orm, dá fhaid siar dá dtéann tú sa stair, an sean-nós a shamhlaíonn muid le Conamara



amháin, go raibh rudaí níos cosúla leis ann.

Go raibh aontas agus calghdeán ann? Is ea.

An gcheapfá go raibh aontas nó calghdeán san amhránaíocht mar a bhí sa bhfilíocht chlasaiceach? Ní chuirfeadh sé iontas orm!

An bhfuil seancheol seo Shliabh gCua le cloisteáil?

Tá sé ar taifead ag Roinn Bhéaloideas Éireann. B'fhéidir go bhfuil roinnt ag R.T.É. chomh maith. Is é an peaca é nach ndéantar iarracht é a ghlanadh agus a fhoilsiú.

Caoineadh ar an Athair Seán Ó Maonaigh

Ba é Pádraig Ó Miléadha a bhreac síos an caoineadh seo i 1935 ó Labhrás Ó Cadhla. Bhí an tAthair Seán Ó Maonaigh ina shagart paróiste i gCill Rosanta ag bun Shléibhte an Chomaraigh ó 1808 go dtí 1819. Is i gCill Rosanta a bhí fód dúchais Riobaird Bheldon freisin (féach Riocard Bheldon Amhráin agus Dánta, Poodle Press 1995, eag. Pádraig Ó Macháin). Rud an-spéisiúil faoin gcaoineadh seo thíos gur cailín tuaithe 19 mbliana diaois a chum é. An-teist é sin ar threise an traidisiúin. Anna Ní Chadhla ab ainm don chailín, agus bhí sí ina cailín aimsire ag an Maonach de réir an tseanchais. Bhailigh Liam de Noraidh ceol an chaointe seo ó Eibhlín Mhic Dhónaill ó Chill Ghobnait (féach Binneas Thar Meon I, eag. Dáithí Ó hÓgáin). Seo sliocht as an gcaoineadh.

Mo chreach fhada is m'atuirse ghéarghoirt!
Is fear dá shórt ba chóir a éileamh,
Fear gan suim i saibhreas saolta
Agus más crua duitse is trua na céadta.

Mo chreach bhrónach is mo chuma le mí ré thú!
Nuair a thagthá isteach i measc do thréada,
Nó ar altóir, ba gheall le naomh tú,
Nó le cocán a bheadh ar chnocán lá gréine.

Dá mbeadh agam foghlaim, meabhair ná éirim,
Ach mar a chuir tú mo smaointe trína chéile,
Chloisfeadh an pobal go molfainn do thréithe
Is ní ligfinn aon chlár go bráth ar tíeadan.

Míochlán bróin! Is scólta an scéal liom
Fear dedí chló a bheith go deo i diéagmais,
Fear breá ciallmhar, diaga, déirceach,
A thug an barr leat as coláistí na hÉireann.

Ó Phort Láirge mar ar taisceadh ardléann daoibh
Is ó Mhaigh Nuad mar ar thug tú an cúrsa déanach,
Go dtáinig tú abhaile cughainn idí shagart breá léannta
Ag glacadh corp Chríost idí chrobh min, glégeal.

Ba tusa an t-údar nár dhiúltaigh idí shaol Dó
A dhochtúir diagachta, díth mo chléibhe tú!

Is againne a bhíodh do cháil go bráth le cur síos duit,
Mar is tú an fear a scaipfeadh go fairsing na fionta;
An fear a dhíolfadh i gcóta Chríost iad,
Fear ná géillfeadh go bráth dá naimhde
Mar b'uasal ó thuaith is ó thír tú,
Is ba bhocht an cás fear dedí cháil
A bheith gan caoineadh.



DÚN GARBHÁN
DUNGARVAN II

*Is minic a bhí mé ag áiteamh ar
Roinn Bhéaloideas Éireann
ceirmín de cheol Shliabh gCua a
chur i dtoll a chéile*

**An bhfuil dóthain ábhair taifeadta sna
cartlanna le ceirmín de cheol Shliabh
gCua a chur i dtoll a chéile?**

Tá, tá. Is minic a bhí mé ag áiteamh ar
Roinn Bhéaloideas Éireann a leithéid a
dhéanamh, agus tá mé cinnte go
ndéanfaidh siad é. Ba mhór an gar é.

**Go n-éirí do shaothar leat, a Éamonn,
agus nára fada go bhfeictear ina
leabhar é.**

Cois i dTaca

GALWAY UTD FC returns to the National League Premiership following completion of a three year tour of the First Division. The team's promotion last season stemmed from a trio of Bajan imports, some sparkling teenage talent, and the inspired direction of Dubliner Don O'Riordan.

Now in his third season in charge at Terryland Park, O'Riordan, the former Torquay manager, will be aware of the fate of most sides promoted in the last decade. Stabilising its premiership status will be Galway's primary target in the coming season.

The emphasis on a local squad with increased intensive training sessions served Galway Utd well last season. It remains to be seen whether a fickle Galway public will attach itself to Utd's cause.

Maintaining and servicing the club at Premiership level brings heavy demands on the clubs' officers. It is estimated that it will cost Utd £200,000 to meet its increased commitments. The erection of a new stand in Terryland is a priority. Despite its many charms, the ground can be a bleak setting on a rainy December evening. Supporters will argue as to what lies in store for Galway Utd, but everything points towards an eventful season.

IS AR AN 13ú de Lúnasa a thósós feachtas na Gaillimhe i sraith sacair na hÉireann. I bPáirc Tolka a bheas siad an lá sin, i gcoinne Shelbourne. De bharr a gcuid gaisce san Eoraip, beidh réiteach dhá mhí déanta ag Shels faoin am sin.


Is minic imní ar fhoireann de bharr ardú céime. Chinn sé ar na Gaillimhigh cheana fanacht sa Premiership. Buaiteoirí an Choirn, Bré, tá siadsan tar éis titim ar ais sa gCéad Roinn. Ba mhórán mar a chéile na deacrachtaí a bhí ag Droichead Átha, Home Farm agus Cill Chainnigh tréimhse thairbhiúil a chur isteach sa bPríomh-Roinn.

Ó thaobh Utd de, is é an painéal céanna mórán a bheas ag O'Riordan arís. Bhí amhras ar chuid den lucht leanta i lár an tséasúir seo caite faoin muinín a chur O'Riordan sna hógánaigh. Ní raibh leathdhosaen cluichí sinsearacha le chéile ag Aubrey Dolan, Mike Keane, Ian Rossiter agus Adrian Cregg. Ach faoi dheireadh na bliana, bhí Keane agus Dolan tar éis dul i gcion go mór ní hamháin ar sheanfheidtí na Chéad Roinne, ach ar a gcéilí comhraic chomh fada le leathchraobh an Choirn.

Triúr Bharbados agus Fear Luimní

Le dhá bhliain anuas tá athógáil mhór déanta ar struchtúr an chlub. Tá am agus acmhainní á gcaitheamh leis na foirne óga. I 1997, bhuaigh an club an Corn Náisiúnta faoi 17. Den fhoireann sin tá sé de chumas i Rossiter, Philip King, Eddie Treacy, Seamie Rabbitte agus Alan O'Donnell dul chun cinn ag an leibhéal sinsearach.

Tharraing triúr Bharbados, Eric Lavine, Luther Watson agus Ryan Lucas aird ar Ghaillimh, ach ar bhealach cuireadh an iomarca



Donal O'Brien i mbun gnímh sa chluiche lea anuraidh.

béime ar ról na gcuariteoirí. Is é an rud ba thábhachtaí gur bhailigh O'Riordan dornán peileadóirí le chéile a raibh ar a gcumas traenáil gach lá i nGaillimh.

Tar éis do Ghaillimh an t-ardú céime a fháil, chaith O'Riordan trí seachtainí ag cur ainmneacha nua leis an bpainéal. Dea-scéal don lucht leanta go raibh ainm Bhilly Clery, captaen na foirne, ina measc. Is é Clery croí agus anam an tsacair ghairmiúil i nGaillimh.

Nuair a bhain gortú tubaisteach

Gaillimh Aontaithe sa bPríomh-Roinn; forbairt á déanamh ar Pháirc Thír Oileáin; an bhéim ar an óige agus ar imreoirí thar tír isteach — is iomaí seift ag Don O'Riordan leis an gclub a chur ar bhealach a leasa. Chuaigh Bernie Ó Conaill go Tír Oileáin agus a leabhar nótaí ina phóca aige.



Punt sa gCiste

"Cosnóidh sé timpeall £200,000 Gaillimh a choinneáil ag imeacht sa bPríomh-Roinn," a deir Eamonn Naughton, cisteoir an chlub le Cuisle. Golf Classic, siúlóid timpeall an chuain, crannchur mór: is iomaí seift a theastós leis an airgead a bhailiú.

Tá tábhacht thar na bearta le hairgead an gheata freisin. Caithfidh an club

lucht féachana mór a mhealladh chuig na cluichí má tá stádas na Gaillimhe mar ionad láidir sacair in Éirinn le cinntiú. Ba mhór an cúnamh dá mbeadh lucht gnó na Gaillimhe sásta beart a dhéanamh freisin.

Chuir iarbhainisteoir an chlub, Tony Mannion, a mhéar ar an gcuisle tráth agus é ag trácht ar chúrsaí sacair i nGaillimh: "Is fearr taisteal go dóchasach ná ceann scríbe a shroichint." Tá dóchas i dTír Oileáin faoi láthair, agus is maith is eol don chlub cá bhfuil ceann scríbe.

CUISLE

Subscribe to Cuisle • Bí i do Shíntiúsóir

Ainm / name

Sloinne / surname

Seoladh / address

.....

Teil / tel

Ríomhphost / email

Síniú / signature Dáta / date

RÁTAÍ (postas san áireamh): Éire agus an Bhreatain £25
 Mór-Roinn na hEorpa 40 euro* An chuid eile den domhan US \$80*

*nó a chomhionann in airgead na tíre

thcheannais idir Galway Utd agus Finn Harps
 pic: INPHO

do Mark Cobey i ndeireadh bliana, b'éigean do O'Riordan cúl báire nua a fháil. Is beag locht ag daoine ar Eddie Hickey, cúl báire Luimní. Is minic a thuill Hickey ómós na nGaillimheach cheana.

Ba bhuntáiste faoi leith go raibh an bainisteoir féin ag obair go lán-aimseartha leis an gclub. I rith na bliana, chaith O'Riordan seacht lá na seachtaine lena chuid réitigh. D'éirigh leis deireadh a chur le teacht agus imeacht na bpeileadóirí, agus seasmhacht a chur sa bpainéal.

Tá sé de chlú ar McDonald's go gcuireann siad an dlí go han-éasca ar lucht a gcáinte. Seo tuairis

McLibel - bua ag saoi

An Fhuinneog, a monthly window of opportunity for the learner, the improver and the native speaker who would like to read more in Irish, offers glossaries in English, excerpts from the best of Irish books, helpful tips and more.

Oscail An Fhuinneog agus féach isteach.

1 **cás clúmhille** - libel case; **cailín freastail** - a waitress; **feachtas** - campaign; **cáineadh** - denounce; **fógraíocht** - advertising; **abhcóide** - barrister; **saoirse cainte** - freedom of speech; **lucht maoine agus cumhachta** - property owners and people in positions of power; **an cosantach** - the defendant; **gearánaí** - plaintive.

2 **breithiúnas** - judgement; **i dtír ar** - exploited; **drochíde** - mistreatment; **ceardchumann** - union; **a dhíolann siad** - a íocann siad; **cúiteamh** - compensation;

achomharc - appeal; **athbhreithiúnas** - review of the judgement; **taom croí** - heart attack.

3 **lonnaithe** - suite; **bhagair siad** (bagairt) - they threatened; **baghcat** - boycott; **spiadóirí/spiadóireacht** - spies, spying; **leannán** - lover; **sloinne** - family name; **fóirsteanach** - feiliúnach; **dáileadh** - distribute; **cúiseamh** (cúisíodh) - charged; **fianaise** - evidence; **aighneas** - conflict; **a ghlac seilbh** - who occupied; **seachaint** - avoid; **idirghabháil** - negotiating.

1 B'É CÁS McLibel an **cás clúmhille** ab fhaide dá raibh riamh os comhair cúirte sa Bhreatain. Mhair sé cúig bhliana. Cás idir McDonalds agus beirt as Greenpeace a bhí ann.


Tá McDonald's ar an **chomhlacht fastfood** is mó ar domhain, é ag cur ar a laghad \$23billiún thar a lámh chuile bliain. Chuir siad an dlí ar Dave Morris, fear poist, agus Helen Steel, cailín freastail i dteach tábhairne. Bhí an bheirt dífhostaithe nuair a chuir McDonalds an dlí orthu, ioncam £64.45 sa tseachtain ag Helen agus £101.45 ag Dave.

Thosaigh Dave agus Helen an feachtas in éadán McDonald's i 1986. Chuir siad amach **billeog sé leathanach** *What's wrong with McDonald's?* Rinne seo cáineadh ar an *Big Mac*, an dóigh go ndírítear an fhógraíocht ar na páistí, agus an dóigh a gcaitheann McDonald's lena gcuid fostaithe.

Níl cabhair dlí ar fáil i gcásanna clú-mhillte sa Bhreatain, agus nuair a chuir McDonald's an dlí orthu, bhí ar an bheirt cosaint a dhéanamh orthu féin. Bhí foireann dlíodóirí ag MacDonald's, £2,000 sa lá ag an abhcóide.

Bhí an-tábhacht leis an chás ó thaobh saoirse cainte de. Déanann dlí na Breataine agus dlí na hÉireann cosaint ar lucht maoine agus cumhachta nuair a déantar cáineadh orthu. Caithfidh an cosantach a chruthú gur fíor a bhfuil dá rá aige: ní gá don ghearánaí a chruthú gur insíodh bréag.

2 An 19ú Meitheamh 1997, tugadh an



breithiúnas.

Bhí an bua McDonald's, ach ba lag an bua é. Dúirt an breitheamh gur **tháinig** McDonald's i dtír ar pháistí lena gcuid fógraí; gur bhréag a bhí sna fógraí a dúirt gur bia maith a dhíolann siad; an té a itheann go rialta i McDonald's go bhfuil a shláinte i mbaol; go raibh an comhlacht ciontach sa drochíde a tugtar do bheithí; go bhfuil siad *very unsympathetic* leis na ceardchumann; sin agus gur páigh íséal a dhíolann siad lena gcuid oibríthe.

Níor cheadaigh an breitheamh ach cúiteamh £60,000 do MacDonald's, leath an mhéid a bhí siad a iarraidh: dúirt sé gur chruthaigh Helen agus Dave go leor dá raibh sa bhilleog acu. Ach ós rud é nach raibh pingin rua ag ceachtar den bheirt, ní bhfuair McDonald's an t-airgead.

Ar an 31ú Márta, tugadh breithiúnas ar achomharc a rinne Dave agus Helen. Níor éiligh MacDonalds athbhreithiúnas ar bith. Cháin an triúr breitheamh Macdonalds. Dúirt siad gur fíor nár mhaith an pháigh a bhí ag oibríthe Macdonalds ar fud an domhain. Dúirt siad gur fíor go mbeadh baol taom croí ann don té a d'íosfadh bia MhacDonald's go rialta.

ó Anton MacCába ar thruisle a baineadh astu.

irse cainte

3 Tá sé de chúl ar McDonald's go gcuireann siad an dlí ar lucht a gcáinte go han-éasca: an BBC, an *Guardian* agus siopa tae a chuir postaer sa bhfuinneog. I 1991 rinne siad iarracht stop a chur leis an dráma Albanach *Scotch Fyre*, dráma a bhí lonnaithe in áit *fastfood*.

Bhagair siad an dlí ar an amhránaí Chrissie Hynde nuair a d'iarr sí ar dhaoine baghcat a dhéanamh ar McDonald's.

D'fhostaigh McDonald's bleacht-airí le spiadóireacht a

dhéanamh ar London

Greenpeace. Ní raibh aithne ag na spiadóirí ar a chéile: is ag spiadóireacht ar a chéile a bhídís. Bean amháin díobh, chaith sí sé mhí ina leannán ag spiadóir amháin: bhí sloinne iontach fóirsteanach uirthi, Hooker.

Bhí sí fostaithe ag McDonalds le billeogaí a dháileadh, billeoga a bhí ag cáineadh McDonald's, agus is daoine eile a cúisíodh as iad a dháileadh. Bean eile díobh, spiadóir, thug sí fianaise in aghaidh McDonald's sa chúirt! Stop sí ag ithe feola ar fad.

Is siombal de chaipitleachas Mheiriceá iad McDonald's. Is minic aighneas idir iad agus ceardchumann chuile áit. Fiche bliain ó shin, bhí stailc i mBaile Átha Cliath a mhair seacht mí. Nuair a tháinig an comhlacht go Meicsiceo, bhí ceardchumann ann a ghlac seilbh ar feadh trí seachtainí ar an chéad bhialann.

D'imigh an comhlacht ó Puerto Rico I 1974, leis na ceardchumann a sheachaint. Sa bhFrainc i 1994, gabhadh cúigear bainisteoirí as bheith ag iarraidh toghchán ceardchumann a phacáil.

Mí Lúnasa anuraidh, tharla eachtra stairiúil i mbaile Squamish, 40 ciliméadar ó Vancouver Cheanada. Don chéad uair riamh i dTuaisceart Mheiriceá, d'éirigh le ceardchumann — an CAW (Canadian Auto Workers) — bialann le McDonald's a eagrú. Beirt dhéagóirí de chuid an cheardchumann a rinne an idirghabháil idir CAW agus McDonalds, agus ardmheas orthu dá bharr.

Leagan Cainte



Liam Mac Con Iomaire

Thuas seal, thíos seal

DÁ MBEADH bean Chonamara ag dul go Tír Chonaill an mbeadh sí ag dul síos nó ag dul suas? Dá mbeadh sí ag dul go Ciarraí an síos nó suas a bheadh sí ag dul? Tá meascán mór faoi na focail seo agus san áit a mbeadh síos ag dream amháin bheadh suas ag dream eile go minic. Bíonn cuid de mhuintir Chonamara ag dul suas go hÁrainn fós agus muintir Árann ag dul síos go Gaillimh. (Bíonn an meascán céanna ag baint le **isteach** agus **amach** go minic). Bíonn talamh ard agus talamh íseal i gceist agus bíonn daoine i ngach uile áit ag dul síos chun na farraige. Ach bíonn rudaí eile i gceist freisin. D'fhéadfadh i dtreo na gréine a bheith i gceist agus d'fhéadfadh i dtreo na cumhachta a bheith i gceist. Braitheann sé go minic ar an áit ar dhromchla na cruinne a samhlaíonn duine é féin a bheith agus ar an áit ar dhromchla na cruinne a samhlaíonn sé an áit ar a bhfuil a thriall. Ó tosaíodh ag úsáid léarscáileanna sna scoileanna tá an nós á bhuanú gur ionann suas agus 'ó thuaidh' agus gur ionann síos agus 'ó dheas.' Ach is é a mhalairt ar fad a bhíodh fíor roimhe sin, is cosúil, agus atá fíor fós in áiteacha. **Suas don Spáinn** agus **Thuas sa Spáinn** (*Mac An Cheannai*) a bhí coitianta, go díreach mar a bhí **Síos go Tír Chonaill** agus **Thíos i dTír Chonaill**. Creidtear gur i nGaillimh a bhí Raftaraí nuair a chum sé an dán ina bhfuil "Go seasfaidh mé **síos** (**thíos**) i lár Chontae Mhaigh Eo. Ó tharla gur cruinneog é an domhan

d'fhéadfaí argóint mhór a thosú faoi cén fáth, mar shampla, go dtaispeántar an tír seo ar an léarscáil i gcónaí agus Cúige Uladh in uachtar agus Cúige Mumhan in fochtar. Scéal casta é ach scéal spéisiúil.

Fan leat!

Fan leat! Tá mé ag fanacht ar an lán mara:

An féidir Ag fanacht ar an lán mara a rá in áit Ag fanacht leis an lán mara? Is féidir, i nGaeilge Uladh. Tá an dá leagan acu i gcanúint an Tuaisicirt, a deir Dónall Ó Baoill, agus an chiall chéanna leo de ghnáth, (cé go mbraitheann Dónall amanna go bhféadfadh difear beag a bheith eatarthu). Tá an rud céanna fíor i nGaeilge Uladh maidir le **Tá sé pósta ar bhean** agus **Tá sé pósta le bean**; tá an dá leagan i gcanúint an Tuaisicirt. Sna canúintí eile deirtear **Ag fanacht le bus** i gcónaí in áit **Ag fanacht ar bhus** agus deirtear **Tá sé pósta le bean** in áit **Tá sé pósta ar bhean**. Cé nach é an rud céanna go díreach é, is spéisiúil an rud é go bhfuil **Fan leat! agus Fan ort!** sna canúintí go léir.

Caint dháiríre

'Thóg sé mo chuid cainte dáiríre' - An béarlachas é sin nó an nglacadh lucht an phainéil leis sin? Ní ghlacadh.

Thug sé an-aird ar mo chuid cainte ab fhearr leo, nó **Chuir sé an-suim (ana-shuim) i mo chuid cainte**. Ach tá a leithéid de rud ann is **caint dháiríre** agus thabharfadh duine **gealltanais dáiríre** duit.

In éineacht le Liam Mac Con Iomaire ar an gclár Leagan Cainte ar Raidió na Gaeltachta, bíonn Eibhlín Ní Mhurchú, Seosamh Ó Cuaig agus an Dr Dónal Ó Baoill. Bíonn siad le cloisteáil ar an Aoinn ar 3.30 p.m.

Poc Fada Edward Carson

1 IS IOMAÍ ORÁISTEACH nach bhfuil grá mór aige do Chumann Lúthchleas Gael. Agus bheadh iontas an domhain orthu gur bhuail Edward Carson báire le linn a óige i gceann de na contaetha is Gaelaí sa tír . . .

Cúig nó sé bliana déag tar éis an Ghorta Mhóir, bhí ministéir protastúnach in Ard Maol, cúig mhíle siar ó thuaidh de Chaiseal Mumhan i dTiobraid Árann. William Carson ab ainm don mhinistéir seo.

Sula ndeachaigh William Carson leis an mhinistíreacht, chaith sé tamall de bhianta ag saothrú ina dhochtúir leighis. Bhí cáil an leighis air nuair a chuaigh sé go Tiobraid Árann. Ní raibh aon dochtúir in Ard Maol an tráth sin. Mar sin is minic a ghlac an ministéir cúraimí dochtúra chuige féin nuair a bhíodh na comharsana tinn. Ní dhearna sé idirdhealú riamh idir Protastúnaigh agus Caitlicigh, agus bhí gnaoi an phobail air.

2 Bhí nia ag an Urramach Carson i mBaile Átha darbh ainm Edward, lead óg a raibh sé ceanúil air. Chuile shamhradh ar feadh chúig nó sé de bhlianta, thagadh Edward chuige ar saoire go hArd Maol. Bhíodh sé i gcuideachta le buachaillí óga na háite.

Bhí an iomáint go mór i réim in Ard Maol, agus ghlacadh Edward Carson, buachaill Bhaile Átha Cliath, páirt go minic sna babhtai iomána. Ní foláir nó gur fhoghlaim sé scileanna an chluiche go maith, óir níorbh aon duithín é i mbun



Edward Carson i bPáirc an Chrócaigh

camáin.

Is cosúil gur thaitin sé leis na buachaillí eile. Thagadh sé ar saoire go hArd Maol chuile bhliain suas go hÉirí Amach na bhFíníní. In 1867 sheol a mhuintir é go dtí scoil chónaithe i gCúil an tSúdaire i gCo. Laoise agus níor facthas é níos mó i gCo. Thiobraid Árann.

Thug Carson cúl leis an gcluiche nuair a bunaíodh an Cumann Lúthchleas Gael

3 NÍOS FAIDE ANONN agus é ina mhac léinn ollscoile, d'imir Edward Carson iomáint do Choláiste na Tríonóide, nó camánacht mar a tugadh ar an gcinéal iomána a himríodh sa Choláiste. Deirtear go raibh sé éifeachtach go maith. Thug Coláiste na Tríonóide cúl leis an iomáint ar ball, go ndeachaigh sé le

hacaí. Thug Carson fein cúl leis an gcluiche nuair a bunaíodh an Cumann Lúthchleas Gael.

Breis agus tríocha bliain ó shin, d'inis seanfhear ó Ard Maol dom go raibh a athair féin páirteach le hEdward Carson i mbabhtai iomána céad éigin bliain roimhe sin. Pé athrú a tháinig ar Charson ina fhear fásta dó, bhí tráth ann aimsir a óige nuair a bhí sé tugtha do sheanchluiche na hÉireann.

Is annamh a chuimhnítear ar Charson anois i ndeisceart na tíre. Ach cuimhnítear air i gcónaí in oirthuaisceart Uladh, go háirithe ar an dara lá deág d'luil nuair a buailtear na drumai móra chun bua na Bóinne, seachas bua na hiomána, a chéiliúradh.


1 Is iomaí - many; **báire** - iomáint; **Gaelach** (is Gaelaí) - (most) Irish; **ministéir** - minister; **ag saothrú** - ag obair; **cáil an leighis** - reputation as a doctor; **an tráth sin** - san am sin; **na comharsana** - the neighbours; **idirdhealú** - distinction; **gnaoi** - cion, meas.

2 nia - nephew; **Urramach** - Reverend; **ceanúil ar** - fond of; **chuile** - gach uile; **thagadh Edward** - Ed. used to come; **i gcuideachta** - i gcomhlúadar; **i réim** - láidir; **ní foláir nó** - . . . must have; **duithín** - amadán; **scoil chónaithe** - boarding school; **níor facthas é** - he was seen no more

3 Níos faide anonn - later on; **mac léinn ollscoile** - a university student; **cúl leis an iomáint** - he abandoned hurling; **tugtha do** - enthusiastic about; **is annamh** - ní minic; **ceiliúradh** - celebrate.


CROSFHOCAL 1 CÉ MISE?

Bím ar thóir luchóga
Táim ramhar, glórach
Bím ag snámh
Cónaí orm sa gcré
Bím ag rásaíocht
Itheann tú ubh liom



CROSFHOCAL 2 CÉARD É FÉIN?

Rug an chearc mé
Cuir im agus subh orm
Mharaigh an t-iascaire mé
Ith mé am tae le hubh
Is blasta mé ar na fataí
Croí bán ionam, na duilleoga glas.



SCIORRADH PINN

Each month, *Cuisle* brings you a moment from the best of Irish writing, with a generous glossary. If you're just discovering the world of Irish literature, we hope our choice will encourage you to continue your journey.

SEACHT LÁ NA DÍLEANN

Daithí Ó Muirí

Leabhar Breac

SEACHT LÁ NA DÍLEANN



Daithí Ó Muirí

. . . Ar an gcúigiú lá den Díle d'athraigh muid suas go grua an tsléibhe. Ní raibh tada le hithe. Chrom muid faoi na pluideanna agus chaoín muid. Bhí na gasúir ag béicíl gan stad. Bhí an bhean ag scréachaíl gan staonadh. Scread mé gan srian ó mo chroí amach. Ní dhearna muid iarracht ar bith a chéile a shuaimhniú ná a bhréagadh ach scaoil muid uainn ár rachtanna doilís ar an sceird faoi na tuilte báistí, faoin toirneach agus faoin tintreach. Nuair a bhí ár gcolainneacha traochta ag na rachtanna, nuair a bhí tobar na ndeor tráite, nuair a bhí slócht ar gach

scornach, d'inis mé faoin gcúigiú lá de Chruthú an Domhain. Cruthaíodh éisc sna farraigí agus cruthaíodh éin sa spéir. Rinne siad cúpláil de réir a nós féin agus bhí siad torthúil, de réir thoil Dé. D'inis mé faoi léim an bhradáin. D'inis mé faoin lon dubh agus faoin géirseach. D'inis faoi eochraí agus uibheacha. Ar maidin tháinig an ghaoth ina cuaifeach agus sciob sí na pluideanna dínn.

Ar an séú lá den Díle d'athraigh muid suas go mala an tsléibhe. Chúb muid isteach go dlúth le chéile in aon mheall amháin, ár lámha timpeall ar a chéile, ár gcloigne cromtha síos agus an fliuchras á reo inár gcuid éadaí. Bhí gaotha ó na ceithre harda á séideadh timpeall orainn, thit sneachta ina chlocha, dhorchaiigh an spéir agus bhrúigh sí anuas orainn, chreathnaigh an talamh faoinár gcosa. Níor bhac mé le hinsint faoin séú lá de Chruthú an Domhain, faoi eallach, faoi péisteanna agus ainmhithe allta. Níor inis mé faoi chruthú an duine - fireann agus baineann mar a cruthaíodh iad. Bhí mo bhéal sioctha. Ar maidin shéid gaoth ghéar aduaidh agus d'fheann sí gach ball de na héadaí dár gcolainneacha. . .

díle – deluge
grua – cheek
pluideanna – blankets
staonadh – stopadh
gan srian – gan bac
suaimhniú – to comfort
bréagadh – to reassure
doilíos – brón
sceird – áit gan foscadh
traochta – an-tuirseach
racht – outburst
tráite – triomaithe
slócht – hoarseness
cruthú – creation
cúpláil – copulation

céirseach – hen blackbird
eochraí – uibheacha éisc
cuaifeach – whirlwind
sciob sí . . . – whipped the blankets off us
mala – brow
chúb muid . . . – we curled up
go dlúth – tightly
meall – knot, lump
reo – freezing
eallach – beithí
péisteanna – snakes/serpents
allta – fiáine
d'fheann sí – she stripped
colainn – body



PÁDRAIG Ó FLAITHEARTA

Au Revoir Robespierre

COTHROM na míosa seo ar an 28 Iúil 1794, baineadh an ceann den tíorán Maximilien François Marie Isodore de Robespierre, agus is maith a dfoibrigh an guillotine air.

Dhaor sé féin go leor chun báis, agus le linn a thurais deiridh tríd a slua, tugadh masla agus íde béil dó. Rud ab aisteach, mar ní fada roimhe sin ó thug na daoine céanna ardmholadh dó. Anois bhí cuid acu ag íoc ar spás i bhfuinneog nó ar bhalcóin le fianaise a bháis a fheiceáil.

Ach tar éis an tsaoil, ní raibh ann ach cloigenn eile ag titim sa gciseán, rud a bhí feicthe go minic ag daoine de bharr orduithe Robespierre féin.

Chuaigh scór nó mar sin dá lucht leanúna in airde ar scafall an guillotine le tacú leis. Ach ní raibh Robespierre i ndán tada a rá: bhí bindealán ar a ghiall áit ar bhris urchar piostail é.

Focal níor dhúirt sé nuair a chaith bean léim suas ar an ardán agus í ag béiciúch: "Cuireann do bhás áthas ar mo chroí. Téirigh i dtigh an diabhaíl agus mallachtaí na mban agus na máthraí ort!"

Nuair a tharraing fear an bháis a chóta de Robespierre, bhain sé de an bindealán, agus thit a ghiall. Lig an fear daortha scread uafásach amháin as sular thit an lann. Ach nuair a thit, ní dóigh gur chuala sé na gártha agus an bualadh bos a bhí le cloisteáil ar fud Phárais agus níos faide ó bhaile.

AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin

Níl sé 'na lá

Seo thíos leagan Bhriain Uí Dhomhnaill as Rann na Feirsde de *Níl 'na Lá*. Is iomaí leagan de ar fud na tíre. Is ó Neilí Ní Dhomhnaill a fuair Brian an leagan seo.

Tá greann san amhrán seo, tá truamhéil ann, tá searbhas ann, tá géilliúlacht ann, tá eagla ann, tá gaisce ann, tá ciall agus comhairle ann, tá brón agus spraoi ann, tá cabaireacht ann agus tá diabhláíocht ann.

Curfá

*Níl sé 'na lá, níl go fóill,
Níl sé 'na oíche, ná baol ar mhaidin,
Ó, níl sé 'na lá, is ní bheidh go fóill,
Nach anois ar ball a d'éirigh an ghealach.*

Ó seo na mugaí, seo na jugaí,
Seo an áit a bhfuil an leann,
Is mur' bhfuil an t-airgead i do phócaí
Buail an bóthar is gabh 'n a' bhaile.

Ó chuir mé féin mo lámh 'mo phóca
Is d'iarr mé briseadh coróin ghairbh
'Sé dúirt sí liom, suigh síos chun boird
Is beimist ag ól anseo go maidin.

Ó éirigh 'do shuí, a fhir a' tí,
Cuir ort do bhríste 'gus do hata
Go gcoinní tú ceol leis an duine chóir,
A bheas ag ól anseo go maidin.

Ná héirigh 'do shuí, a fhir a' tí,
Ná cuir ort do bhríste ná do hata
Ná diabhal deoir a théid i do scóig
Ná ní bheimist ag ól anseo go maidin.

Ó tá na caoirigh ins na méilte,
Is tá na huain ag ól an bhainne.
Tá mo bhean féin ar fud na tíre,
Is nach mithid domh éirí is a ghabháil 'n a' bhaile.

Ar chuala sibhse maith na maoile
Nó mar a chríochnaíonn sí a cuid bainne?
Ochtar dragún, gasúr cíocrach,
Bunadh a' tí is péire cailleadh.

Ó, thug mé fhéin mo mhaol chun aonaigh
Is d'imigh an t-aonach is díoladh an t-eallach
Tiocfaidh caill' ar chailleachaí an tí
Caillfear an dís is a gcuid leanbh.

Is dá gcasfaí orm cailín i dtom
Chuirfinn a cloigeann síos le malaidh.
Chuirfinn taca lena droim
Is bheinn ag súgradh léi go maidin.

Comórtas a



'Is fearr Pictiú

Complete the following sentence in t
"Tá Daithí ina shuí ar an teilifís ar

Peann Cross in aisce don chúig iarrac
Foilseoidh Cuisle sa bhfómhar iad.



The Spirit

NUAIR NACH RAIBH AN EIT-
leoireacht ach ina tús, is fíor a rá go
ndeachaigh Charles Lindbergh i
bhfeidhm go mór ar dhaoine. Fear ard,
aclaí a bhí ann, agus is beag cinneadh a
bhí air. Ba chosúil fiú gur láidre é ná
gravity - an imtharraingt.

Teachta comhdhála a bhí ina athair,
agus chaith Charles a chuid
innealtóireachta i leataobh le dul ag
eitleoireacht. Léirigh sé an buntáiste a
dífhéadfadh an gnáthdhuine a bhaint
as an mbád aeir agus é ag tabhairt an
phoist ó Chicago go St Louis.

Chomh maith leis an scil agus an
misneach, bhí aithne aige ar dhaoine
fiúntacha. Díeirigh leis airgead a bhaint
as grúpa fear gnó as St Louis dá chéad
eitilt aonair go Páras i mBealtaine na

tSamhraidh

I



na Míle Focal'

words or less:

héibh Inis Meáin mar"

is greannmhaire.

t of St Louis

bliana 1927. Bhaist sé The Spirit of St Louis ar an eitleán.

Tháinig athrú mór ar a shaol ina dhiaidh sin. Phós sé iníon ambasádóra. Cúpla bliain ina dhiaidh sin, fuadaíodh a mac óg agus dúnmharaíodh é. Daoradh an fuadaitheoir chun báis.

Níor thaitnigh sé le go leor gur ghlac Linbergh le suaiteantas ó Herman Goering na Gearmáine i 1938, ná gur mhol sé an neodracht roimh an dara cogadh domhanda. Ach thuill sé meas aríst nuair a mhol sé seasamh na gcomhghuaillithe i rith an chogaidh.

Sa mbliain 1953, bronnadh an Pulitzer Prize air as ucht an chur síos a rinne sé ar a eitilt epiciúil. Bhásaigh sé in aois a 72 bliain ar an 26ú Lúnasa 1974.

—Pádraig ó Flaithearta

Camchuart Chonamara

Leagan Gaeilge le hÁINE LALLY



TIM ROBINSON

Ceann Scríbe

I S NEAMHGHNÁCH an radharc atá roimh an turasóir ar bhóthar an chósta i nGlinn Chatha, taobh thoir de Rosmuc: túr ard cearnógach, crios iompair ag síneadh suas chuige, é suite go feiceálach.

Seo é stáisiún ginte leictreachais na Scríbe. D'oscail an stáisiún dóite móna seo, stáisiún cúig megawatt, i 1957. Osclaíodh trí cinn eile an bhliain chéanna: ceann i gCathair Saibhín, Co. Chiarraí, ceann i Sráid na Cathrach, Co. an Chláir, agus ceann i nGaoth Dóhair, Co. Dhún na nGall. Cuireadh na stáisiúin seo ar bun chun margadh a sholáthar do mhóin sleáin na háite.

Níor oibrigh an stáisiún faoi lánchumhacht riamh ná baol air, agus tá bagairt ann le tamall go ndúnfar é. Sin mar gheall go raibh an leictreachas a chuir sé ar fáil trí huaire níos daoire ná leictreachas na stáisiún móra nua-aimseartha.

I 1983/84, shaothraigh 180 sleadóir £1000 ar an méan an duine ag soláthar móna don stáisiún. Chomh maith leis sin, thug Comharchumann Chorr na Mona, cuimse adhmaid don stáisiún mar bhreosla breise. Tá an stáisiún dúnta anois.

Ceaptar gur baisteadh Scríb ar an gceantar seo de bharr é a bheith neadaithe i bhfíoríochtar chuan Chamais. Cuireann na góilíní farraige i gcuán Chamais aistear fada ar an té a bhíonn ag taisteal trí dheisceart Chonamara, agus tá an ceantar seo ag 'ceann Scríbe' nó ag deireadh an turais.

Tá droichead na Scríbe díreach taobh thoir den seanstáisiún ginte, agus tabharfaidh sé thar abhainn

na Scríbe thú, abhainn a bhfuil aithne mhaith ag iascairí slaite uirthi, í ag sníomh léi idir na locha deasa go dtéann sí i bhfarraige anseo.

Níl aon ainm ar an mapa Suirbhéireachta Ordanáis ar an loch ó thuaidh den droichead. An í seo 'Loch Chora Uiscín', loch atá sa gcomharsanacht seo de réir mar a chuala mé?

Tugtar 'Córa na bPúiríní' ar an tulach bheag atá ar chósta thoir theas an locha. Coinnítí na sicíní sna púiríní thíos in aice na farraige le iad a choinneáil amach ó na bairr agus ón arbhar san earrach agus sa samhradh.

'Lough Ahallia South' an chéad loch eile suas an abhainn, de réir na Suirbhéireachta Ordanáis ach 'Loch an tSáile Íochtarach' an t-ainm ceart air i nGaeilge. Tá Loch an tSáile Uachtarach nó Loch Scríbe ó thuaidh de Loch an tSáile Íochtarach.

S roicheann an taoille an dá loch seo mar is léir ó na hainmneacha. Ní thugtar Scríb ar an mbaile fearainn áfach. Tá 'Derryvoniff' thíos ar an mapa Suirbhéireachta Ordanáis ar an mbaile fearainn, ach de réir nótaí Uí Dhonnabháin a scríobhadh le linn Suirbhé na bliana 1839, 'Doire Dhá Bhanbh' an t-ainm. Scríobhadh an t-ainm 'Dirravanna' in aimsir Chromaill. Roimh an ngorta, ba le Loingsigh Bhearna an áit. Fuair na Berridges an áit i ndiaidh na Loingseach, agus bhí teach mór cáiliúil acu ann, Teach Scríbe nó 'Screbe Estate Lodge'.

TÁ LAGHDÚ mór ag teacht ar chostas guairdill ar an idirlíon, agus is fiú do dhuine leas a bhaint as. Ceann de na seirbhísí a chabhróidh leat ná an *chatroom*.

An dá úsáid is mó a bhaineann an gnáthdhuine as an idirlíon seoladh e-phost agus cuartaíocht suíomhanna. Is cinnte gur an-bhealach an e-phost le fanacht i dteangbhail le gaolta agus cairde i bhfad is i ngearr. Tá an córas an-simplí agus an-saor, úsáideann go leor daoine na fóraim díospóireachta atá le fáil go forleathan ar an idirlíon. Iontu seo, seolann tú do theachtaireacht chuig an bhfóram, cuirtear in airde é agus is féidir le héinne freagra a sheoladh ar ais. Den chuid is mó, is do lucht díol agus ceannachta is feiliúnaí é seo. Níl aon mhaith anseo do dhaoine atá ag iarraidh cairdeas a bhunú agus labhairt ar an bpointe boise. I dtosach, caithfidh tú cuairt a thabhairt ar cheann de na seomraí cainte.

Is suíomhanna idirghnómhacha iad seo, áit ar féidir leat breathnú ar dhaoine eile ag caint le chéile thart timpeall na cruinne agus páirt a ghlacadh sa gcomhrá más mian leat. Tá na mílte acu ann, agus tá sé an-éasca a theacht orthu, níl le déanamh ach an focal *chatroom* a chur isteach i d'eolaire agus féachaint ar na freagraí.

Scríobh is ea an teanga a úsáidtear sna seomraí seo, agus tá siad fíor-éasca le húsáid. Ar an scáileán os do chomhair amach, feicfidh tú téacs. Cuireann duine amháin abairt suas, agus freagraíonn an chuid eile é. Ar do chéad chuairt, ceaptáidh tú go bhfuil sé beagáinín aisteach. Bíonn chuile dhuine ag scríobh ag an am céanna. Tá sé an-chosúil le siúl isteach i dteach tabhairne, áit a mbeadh chuile dhuine ag caint.

Go luath, díreoidh tú isteach ar do chomhlhadar féin agus ní thabharfaidh tú aird ach orthu sin. I go leor de na seomraí freisin, caithfear amach thu má bhíonn tú mímhúinte nó drochbhéasach. Dea-scéala eile nach bhfuil gá aon trealamh breise a cheannacht. Má tá tú ceangailte leis



Buail isteach chuig *chatroom* ar an idirlíon le Cathal Ó Cuaig

an idirlíon cheana, tá an treamh uilig ar do ríomhaire. Níl ort ach bualadh isteach agus tosá ag caint

Isteach sna Seomraí

Ceann de na seomraí is deise agus is simplí dar liom ná Yahoo!Chat ag <http://chat.yahoo.com>. Anseo is féidir leat d'ainm comhrá — user name — a phiocadh, agus cuairt a thabhairt ar cheann ar bith de na céadta seomraí.

Tá seomraí acu a dhéanann plé ar chuile ábhar,

agus bíonn daoine páirteach ó chuile cheard den domhan. Go minic tugann aoí-chainteoirí — aisteoirí, ceoltóirí, polaiteoirí — cuairt ar na seomraí, agus is féidir leat do thuairimí a phlé leo. Má tá cóip agat de IE4 nó IE5, tá seans maith go bhfuil an clár Microsoft Chat agat. Muna bhfuil, is féidir leat cóip a fháil saor in aisce ó shuíomh Microsoft ag www.msn.com. Is bealach an-deas é seo le roinnt spraoi a chur sa gcomhrá. In áit téacs, tagann carachtar cartúin amach os do chomhair. Píocann chuile dhuine a charachtar féin, agus is iadsan a dhéanann an chaint. Má tá cúpla cara ag caint le chéile, is féidir leat na carachtair a fheiceáil ar an scáileán

ag caint le chéile. Is féidir leo mothúcháin eagsúla a thaispeáint, le dhul le do chuid mothúchán féin. Ba cheart go dtaitneodh sé seo le hóg agus aosta.

Cyber-Chanúint

Bhíodh go leor giorrúchán á n-úsáid sna seomraí cainte tráth a raibh se i bhfad níos costasaí a dhul ar-líne. Tioclaídh tú ar roinnt acu i gconaí, agus seo cuid de na cinn is coitianta:

- Meangadh Gáire
- Caochadh súile
- Éadan dáiríre
- Eadan míshasta

Nod beag eile agus tú ag déanamh do chuid cyber-chomhrá, ná bí ag BÉICEACH! Is ionann litreacha móra agus scréach. Tá sé i bhfad níos deacra a léamh agus cuireann sé as do chuile dhuine.

Cyber-Slándaíl

An faitíos is mó a bhíonn ar dhaoine sna *chatrooms* ná cúrsaí slándála. Tá sé seo ag luí le réasún, ach ní ceart go mbeadh inní ar aon duine. Caithfidh tú a bheith cúramach, mar



a bheadh tú le haon stráinséara a chasfaí ort. Ní ceart duit go deo do sheoladh baile ná d'uimhir gutháin a thabhairt d'éinne. Más mian leat, tabhair dóibh do sheoladh ríomhphoist.

Ná tabhair d'uimhir creidimheasa ach an oiread, ní bhíonn siad ag teastáil. Cé go ndéarfadh daoine leat gur i Meiriceá nó san Astráil atá siad, tá an seans ann go bhfuil siad buailte ort.

Más rud é go seolann duine cód chugat tar éis duit aithne a chur orthu, déan *viruscheck* air ar dtús. Tá baol i gcónaí go mbeadh galar i bhfolach ann, fiú amháin i ngan fhios don té a sheol é!

Leave only footprints, take only memories

Shiúil **Brian Ó Broin** leithinis an Daingin le déanaí. Bruíon agus bradaíl ag aos óg Chorcaí ann. *Bouncers* ar an tsráid, *Celtic goods* ón gCianoirthear, *nouveau*-spioradáltacht, agus gach ní ab aistí ná a chéile. Seo tuairisc uaidh ar thuras in aisce.

NUAIR A SHROICHEAMAR an Daingean ar bhus Thrá Lí, bhí trí mhionbus romhainn. Sasanach, Astrálach agus Meiriceánach a bhí á dtiomáint, agus thairg siad síob dúinn. Níor bhacamar leo, ach d'iarramar comhairle faoin áit ab fhearr le lóistín a fháil.

Moladh dúinn fanacht i mbaile an Daingin, i mbrú bheag cúlsráide. Suas linn ann. Fear ón Nua-Shéalainn a bhí ina bhainisteoir ann. Bhuaíl muid bleid air tar éis dúinn socrú isteach.

"The pay's not brilliant, but I got paid the same last year for working twice as hard in a

guesthouse."

Bhí grúpa beag sa phárlús. Bhí cónaí ar dhuine díobh sa Daingean, agus bhí sé ag trácht ar thuras fada go Baile Átha Cliath chun earraí a bhailiú dá ghnó.

"Cén sórt gnó?" arsa mise.

"Celtic goods, that sort of thing."

"Muisse, agus is i mBaile Átha Cliath a dhéantar iad?"

"Oh no," ar sé, "they're made in the Far East."

"Celtic goods?"

"That's the cheapest place to get them made."

Bhí an mhonarcha sa gCianoirthear ag déanamh tinnis dó.

"These guys just can't get my specifications right. I call them up and ask them can they do the job and they say 'yeah', but they can't. And I'm the one left up the creek."

Lean sé den chaint faoin *gCeltic market*. I gceann lá nó dhó bheadh sé ag taisteal go hAille an Mhothair.

"That's where the tourists are now. Not many of them around here, and you've got to go where the market is."

Tháinig úinéir na brú isteach. Is Éireannach a bhí inti sin. Shíl sí gur aithnigh sí mé. An amhlaidh go raibh mé sa bhrú cheana? Ní raibh. Ní raibh an bhrú ann nuair a bhíos i gCorca Dhuibhne go deireanach.

"There've been a few

changes around here since then," ar sí.

Tháinig buachaill chuig an doras. Corcaíoch, de réir a chanúna, agus cuma an mhic léinn air. Ag lorg lóistín dó féin agus dá chairde a bhí sé.

"I'm terribly sorry. We're full up."

B'aisteach liom sin. Bhí raidhse leapacha ar fáil sa bhrú. Thug sí faoi deara orm gurbh ait liom an scéal.

"Can't take the chance. Lads from Cork. They go out, get drunk, come back and smash the place up."

Is polasaí i roinnt brúnna gan glacadh le grúpa fear más Éireannaigh iad.

"Too much hassle. Put fifty Germans in here, they'll clean up and be on their way the next day. Three Irish guys'll get sick on the carpet, smash up the beds and be gone without paying in the morning."

Thug fear na *gCeltic goods* an doras amach air féin.

"Big game tonight. Man. Utd. And Inter Milan."

'Dirty Old Town'

Chuamar-na síos Tigh Dick Mack. Bhí Sasanach agus Albanach istigh ag déanamh subhachais le beirt Mheiriceánach.

"I found myself under great duress."

"Bullshit, you've never been



GALFCHUMANN CEANN SIBÉAL

Baile Uachtarach, Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí
Fón: 066-56255, 066-56408 Facs: 066-56409

TRADITIONAL GOLF LINKS
6700 SLAT PAR 72
GREEN FEE: RÉASÚNTA

FÁILTE ROIMH CHUAIRTEOIRÍ/CUMAINN

© GLAOIGH AR STEVE NÓ SUSAN

under a Jewess."

"Look at this nose," arsa an chéad fhear.

Bhí an bheirt Mheiriceánach sna tríthí gáire.

Chuamar linn síos an baile. Bhí beirt *bouncers* lasmuigh de theach tábhairne. *Bouncers* sa Daingean! Cé a chreidfeadh é? Bhí an bheirt ag trácht ar an gcluiche.

"We showed them Italian fuckers."

Ní raibh muidne ag iarraidh an oíche a chaitheamh ag guailleáil i *pub* sacair, agus ar aghaidh linn.

Bhí grúpa mór mac léinn sa *Droichead* ag canadh *Dirty Old Town* agus buíon ceoil á dtionlacan. Corcaigh, de réor dealraimh, iad siúd a bhí ag iarraidh lóistín sa bhrú. Thosaigh an bhuíon ceoil ag seinm *Boolavogue*, ach rinneadar dearmad ar na focail. Luigh siad isteach ar ríl ina dhiadh, lig na mic léinn liú áthais, agus thosnaíodar ag pocléimt.

Istigh sa leithreas bhí fear ag déanamh múin, balla, urlár agus treabhsar fliuchta aige, é ina sheasamh le balla, toitín ar sliobarna ina bhéal. Thosaigh



"Perhaps you can tell me why Ventry is called Ceann Trá in Gaelic"

leadanna Chorcaigh ag caint ar an nGaeilge.

"Yera, I've forgotten it all," arsa duine, "is maith liom MacDonalds."

Tagairt d'fhógra teilifíse a bhfuil scigeadh ann faoi Pheig Sayers.

Agus muid ag imeacht, bhí baol scliúchais ann, agus caitheadh Corcaíoch óg amach ar a thóin.

"Ye apes," ar sé de scread,

"fuckin' culchie cunts."

'Croílár na Gaeltachta'

Ar maidin, fuair muid rothair ar cíos, agus chuamar timpeall Cheann Sléibhe. Bhí an aimsir thar barr, agus thóg mise pictiúr na n-oileán ar feadh an bhealaigh. Am lóin stopamar i nDún Chaoin, agus dúirt mé go dtaispeáineann Tigh Khruger

dom' chara. B'é seo croílár na Gaeltachta, tobar glan na Gaeilge. Níor thuig fear an bheár mé.

"Don't have a word, but I thought I understood *coffee* alright."

Chuir an chaint sin tocht orm. Cé go raibh Baile an Fheiritéaraigh ar an mbealach abhaile, ní raibh sé de mhísneach agam ól as an tobar sin ach oiread, agus ar ais linn go dtí an Daingean gan stopadh ach ag Gall Iorrus agus Cill Mhaoilchadair.

Tráthnóna chuamar go dtí an *Droichead*. Bhí eachtrannach ina shuí ann, file is cosúil, nó bhí sé ag scríobh go mear i gcóipleabhar ar a ghlúin. Mhol sé dom an leabhar seo a léamh faoi spioradáltacht na gCeilteach. Céard a bhí ar siúl aige féin ar an leithinis? Bhí carr agus *caravan* aige i gCeann Trá agus tháinig sé go minic ó Shasana.

"You can speak Irish then," ar sé ar ball, "perhaps you can tell me why Ventry is called Ceann Trá in Gaelic. None of the locals can explain it."

BRIAN DE STAIC

Seodóir – Jeweller

'BRÉAG AR BHEAN LE SEOD SUIRÍ'

Eolas agus Bróisear ó:
BRIAN DE STAIC
Sráid a'Dhoirín,
Daingean Uí Chúise

Fón: 066-51298 Facs: 066-51832

Deirim dán, ón deirim dán,
an tráth bhíos mo bholg lán;
an uair nach mbíonn mo bholg lán,
don deamhan dán ná amhrán.

—as lámhscríbhinn le Henri Mac an tSaoir, 1788

bíonn fáilte roimh fhilí,
seanchaithe, ceoltóirí
agus lucht líonta a mbolg

An Café Liteartha
An Daingean,
Co. Chiarraí



Ar fhilleadh dúinn go dtí an brú, bhí grúpa beag romhainn sa pharlús, triúr Francach ina measc, agus eachtrannach Béarlóra ón Daingean. Thosnaíomar ag caint faoin deilf.

"Fungi, she's fuckin' beautiful," arsa fear an Bhéarla go deisbhéalach. Just fuckin' swimming there. So peaceful."

D'fhiafraigh duine de na Francaigh ceist air céard a tharlódh nuair a gheobhaidh an deilf bás.

"I don't think she'll ever fuckin' die, I think she'll live for fuckin' ever."

'Ghoid siad mo chóta'

D'fhág muid an Daingean an lá dar gcionn, agus thug muid bóthar Bhaile Átha Cliath orainn féin i dtreo an aerfoirt go bhfillfimis ar Mheiriceá. Laistiar dinn sa mbus bhí bean den lucht siúil agus triúr páistí aici. Ba chosúil gur meascán Béarla agus *Shelta* a bhí á labhairt acu. Chaith muid oíche i mbrú i sléibhte Chill Manntáin ar an mbealach. Bhí ceathrar as

Baile Átha Cliath ag ól sa teach ósta ann, agus nuair a tháinig siad ar ais go dtí an bhrú bhí raithneach agus deochanna go leor acu, agus fonn ragairne.

Agus muid ag imeacht ar maidin, bhí an chistin leathscriosta, an bia a bhí againne caite ar an urlár, agus tuilleadh bídh greammaithe do na ballaí. Bhí mún deanta acu ar urlár an tseomra codlata, agus rinne siad bagairt ar na turasóirí eile a bhí ina gcodladh. Mar bharr ar an donas, ghoid siad mo chóta-sa agus mo cheamara sa bpóca, pictiúirí Chorca Dhuibhne istigh ann.

An deireadh seachtaine tar éis dúinn filleadh ar Mheiriceá, chuaigh mé chuig Páirc Náisiúnta le cairde liom i mo cheantar féin. Cheannaigh muid bileog eolais. B'forónach liom a raibh scríofa air: Leave only footprints, take only memories. "I bet you think it is more beautiful in the United Kingdom, yes?" arsa cara liom ón Rúis a bhí inár measc. Don chéad uair riamh, níor cheartaigh mé an botún.



TIG Áine

CAIPÉ • GAILEARAÍ • FÍODÓIREACHT

Lonnaithe ar slí chinn sléibhe agus orriúnach don
lón nó do bheile trachnóna

Bia baile blasta, bia mara agus sailéidí díreach ón
ngairdín

péintéarachtaí (meáin meascachtaí),
dealbhadóireachtaí, pictiúirí beaga

Fíodóireachtaí, scairfeanna, seálanna, criosanna,
bratacha urláir, srl

Ceardaíocht áitiúil: geansaiche haraí srl

Micheál 7 Áine Ó Dubhshláine
An Ghráig, Baile an Fheirtéaraigh,
Trá Lí, Co. Chiarraí

Corca Dhuibhne: Réamhghalltacht?

Tosaíodh feachtas i gCorca Duibhne le déanaí le cic ar aghaidh a thabhairt don Ghaeilge. D'fhreastail Feargal Mac Amhlaolbh ar an éigeandáil.

I DTÚS an Mheithimh, tháinig thart ar 30 duine le chéile in Ionad an Bhlascaoid Mhóir chun gníomh a bhaint amach ar son na Gaeilge i gCorca Dhuibhne.

Tá an Ghaeilge faoi bhrú uafásach i gCorca Dhuibhne. Tá droim láimhe tugtha di ag an aos óg, agus tá líon na n-eachtrannach agus na nÉireannach gan Gaeilge ag dul i méid. Bíodh duine amháin gan Gaeilge i láthair ag aon ócáid i nGaeltacht Chorca Dhuibhne, agus iompóidh gach éinne ar an mBéarla.

Ábhar mór imní is ea an líon na dtithe saoire atá i gCorca Dhuibhne anois, rud atá ag scrios an phobail agus ag cur deiridh leis na seirbhísí bunúsacha. I nDún Chaoin féin, mar shampla, tá 83 tithe saoire ann i gcomparáid le 54 tithe cónaithe, agus tá an áit gan siopa ná oifig poist le cúpla bliain anuas.

Le linn an tsamhraidh anuraidh, tháinig ceathrar le chéile chun an cheist seo a phlé. Máire Uí Shíthigh (Oidhreacht Chorca Dhuibhne), Rachel Ní Riada (Údarás na Gaeltachta), Séamus Mac Gearailt (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht Gaeltachta agus Oileán), agus John Kennedy (Seirbhís Oideachais Chiarraí).

Beartaíodh duine a fhostú láithreach chun an Ghaeilge a mhúineadh do dhaoine fásta go lánaimseartha. B'í sin Clíodhna Ní Fhurloinge as Loch Garman. Bunaíodh coiste comhairleach chun comhordú a dhéanamh ar na heagraíochtaí ar fad sa dúthaigh atá ag plé leis an dteanga, agus chun spreagadh a thabhairt don ghluaiseacht nua seo.

Ar an gcoiste seo, chomh maith le John Kennedy, Máire Uí Shíthigh, Séamus Mac Gearailt, Rachel Ní Riada agus Clíodhna Ní Fhurloinge, tá Mícheál Ó hEanaí (MFG), Liam P. Ó Murchú (Ollscoil na hÉireann), Roibeard Ó Cathasaigh (Coláiste Muire gan Smál), Muiris Ó Laoire (Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí), Tomás Ó Céilleachair (Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta), Diarmuid Ó Donnchú (Feileastram Teo), agus Gearóid Ó Brosnacháin (Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne).

Ag seimineár Dhún Chaoin cuireadh tús le feachtas poiblí. Bhí ionadaithe ós na coistí pobail áitiúla i láthair chun an pobal féin a tharrac isteach san phróiseas úr réabhlóid-each atá beartaithe acu. Chuige seo aithníodh go gcaithfidh pé gníomh a déanfar teacht ón bpobal féin. Idir seo agus an fómhar beidh an pobal féin ag déanamh suirbhé ar stad na Gaeilge ina measc féin. Déanfaidh siad iniúchadh ar na hacmhainní pearsanta agus pobail atá ina gceantar a chabhródh le cur chun cinn na Gaeilge agus leis na haidhmeanna agus na spriocanna atá leagtha síos.

Is ar an hacmhainní pobail agus pearsanta seo a bheifear ag brath, bíodh san ag baile, sa phobal féin, ar scoil, ag obair, nó sa státchóras. Ina dhiadh sin tabharfar faoi seo ar fad a mheasúnú le fíruathar aigne: ó brainstorming. Agus sa bhfómhar beidh muintir na háite réidh chun tabhairt faoi ghníomh eile, ar son na cúise, nó na géarchúise.

Tigh an Tobair

RESTAURANT AND WINE BAR

Baile an Fheirtéaraigh, an Daingean, Co. Chiarraí

Fón: 066-56404 Fax: 066-56

tighantobair@tinet.ie

"Irish hospitality with a hint of holland"

On the Sea Head Drive - in the heart of
Ballyferriter - the Dingle peninsula most stylish
restaurant.

"the best restaurant in Ballyferriter"
-The Rough Guide to Ireland

Dine beside the 100 year old well,
hear about its stories or just drop in!
There's a full menu for lunch & dinner and we also
feature a children's menu.

Irish and Dutch specialities available
throughout the day

Irish Scew, Dutch pancakes and apple tart with

"the best coffee on the peninsula"

all at reasonable prices
families are very welcome

Open every day from 10.00 - 22.00
phone 066-56404 for reservations

DÚCHAS INIS OÍRR

Inis Oírr, Oileáin Árann, Co. na Gaillimhe
Fón 099-75008 Facs 099-75071

Cúrsaí Cultúrtha do Dhaoine Fásta Sceideal 1999

IÚIL 12-16

STAIR & SEANDÁLAÍOCHT ÁRANN

IÚIL 26-30

CEOL TRADISIÚNTA NA HÉIREANN

LÚNASA 9-13

GAEILGE & OIDHREACHT OILEÁIN

LÚNASA 16-20

DRÁMAÍOCHT NA GAEILGE



Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

Cúrsaí Gaeilge 1999

Gach Leibhéal

Daoine Fásta, Eachtrannaigh,
Mic Léinn Tríú Leibhéal,
Sainchúrsaí do Chomhlachtaí

Bróisiúir agus gach eolas ó:
Áras Mháirtín Uí Chadhain
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe

Fón : (091) 595101

Facs : (091) 595041

ríomhphost : arasuichadhain@tinet.ie

Teach Ósta Inis Meáin

Baile Mhuir, Inis Meáin, Oileáin Árann

*Tar isteach 's bain sult as do
shaoire ar Inis Meáin*

*Ceol Traidisiúnta gach oíche
's an scoth de bhia ar fáil freisin*

099-73003

Úinéir: Pádraic Ó Flatharta



Naomh Breccán agus samhail de Theampall Beanáin lena ucht



SA SEÚ HAOIS, bhí siol na Chríostaíochta ag eascairt ar oileáin agus ar chladaí thiar na Gaeltachta: Sceilg Mhichíl, Í. Ara na Naomh . . . D'fhág na seanchléirigh lorg a lámh ina ndiaidh. Sampla dá saothar is ea Teampall Beanáin, Árainn, cillín lom ar aill.

Míle bliain tar éis eascairt an tsil, agus tar éis do naomh na hÉireann an soiscéal a scaipeadh thar tír amach, ní cillíní loma dála Theampall Beanáin, ach ardeaglaisí marga agus seoda nach iad a bhí i gcathracha Críostai na hEorpa.

Sin iad na seoda atá ag mealladh lucht trádála agus foghla lenár linn féin. dhá dhream a bhfuil na teampail agus na séipéil á gcreachadh acu. Tá dochar déanta ag an gcogadh d'ealaín na heaglaise freisin. Sé mhíle ó Phrístina bhain buanaí NATO creathadh as séipéal Gracania a bhfuil frescos ón 15ú haois ar a chuid ballaí. Maimistir Rakovica i mBelgrad, séipéil Bhyzantia a tógadh sa gceathrú aois: cén bhail atá orthu sin tar éis na bpléascán?

Tá an oidhreacht spioradálta faoi léigear ar an mór-roinn, ach tugaimis cuairt thar sáile chuig an seanthód áit ar eascair an siol. Tá áit ansin a bhfuil an oidhreacht slán agus athnuachan uirthi. I séipéal Inis Meáin, trí mhíle ó Theampall Beanáin, tá sé fhuinneog dhaite nach dóigh go bhfuil a sárú i dtír ar bith. Ach cé a rinne fuinneoga Inis Meáin, agus cén fáth nach bhfuil aird orthu?

Ealaín ar Oileán

Grianghrafanna le Balar

Ealaín na hEaglaise, Oidhreacht a

Ar fud na hEorpa, tá tost sna eaglaisí áit a mbíodh na sluaite ag móradh Dé, agus is beag fíréan a bhíonn i dteach an Tiarna le lán na súl as an saibhreas ealaíne a d'fhág na seansaortha ina ndiaidh. Cé leis an oidhreacht ealaíne seo? An músaem atá sa séipéal feasta? Rinne Pádraig Ó Snodaigh a mhachnamh agus é ag siúl na mór-roinne.

FUARTHAS AR AIS trí phictiúr a goidcadh ó Ghailearaí Náisiúnta na hIodáile le gairid. Ba le Van Gogh péire, agus ba le Cezanne ceann. Sin iad na pictiúirí is tábhachtaí agus is luachmhara a fuarthas as ais ón aos foghla le tamall.

Baineann an creachadh agus an ghoid leis an trádáil idirnáisiúnta. Cothaíonn na ceantálaithe gnéithe eile den trádáil, déanann siad gaisce as record prices, agus is iad a bhíonn bródúil as an mbéim a chuireann na meáin ar na ceantanna móra. Tharla sin i gcás Sunflowers Van Gogh, mar shampla, cé nár le Van Gogh an saothar céanna ar chor ar bith.

Ach níl ansin ach cuid den scéal. Saint lucht an airgid, sin cuid eile de. Carnadh saibhris atá i gceist acusan le bailiú na bpictiúr, ní grá na healaíne, agus is tábhachtaí leo a bheith chun cinn ar dhaoine eile ná níthe luachmhara a bheith faoina gcúram.

An tsáraíocht agus galar an chnuasaithe ar fuaid an domhain, músaeim agus dánlanna san áireamh: eatarthu san uilig is léir go bhfuil éileamh ann, agus táthar ag freastal ar an éileamh sin.

Tógadh altóir mór adhmaid ina iomláine as seipéal i mbaile beag i ndeisceart na hIodáile le deireanas. Áirítear go bhfuil 60% de shéad-chomharthaí ealaíne an domhain san Iodáil, agus fiú má tá áibhéil sa bhfigiúir sin, is léir go bhfuil an Iodáil níos saibhre ná mórán tíortha eile chomh fada is a bhaineann le hoidhreacht na healaíne. Is léir fosta gur sna séipéil, sna mainistreacha, agus sna heaglaisí atá cuid mhór de ealaín na hIodáile trí chéile.



Máire Maigdilín

Cead Cuairte

BHÍ PÍOSA grinn ag John D. Sheridan fadó. Dalta a thug múinteoir isteach in eaglaisí Bhaile Átha Cliath tar éis don mhúinteoir a

rá leis an rang nár chóir dóibh dul thar theach Dé gan bualadh isteach ann le beannú dó. Léirigh an gasúr dó go mbítear i bhfogas go mbeannaí Dia duit de sheipéal i morán áit ar bith san Ardchathair.

n Phobail?

Tá an cead cuairte san ciorraithe roinnt áirithe i mBaile Átha Cliath de dheasca na ndrugai. Agus san Iodáil, is ar éigean is féidir cuairt a thabhairt ar eaglais ar bith ach le linn searmanais. Slad na bhfoghlairí ealaíne agus an faitíos a bhíonn rompu, sin é is cuis le dúnadh na dtithe pobail.

FADHB NACH beag i sin nó nil mórán ag freastal ar an aifreann san Iodáil a thuilleadh. Tá líon na sagart ag laghdú freisin. Fágann seo gur lú caomhnóirí atá ag na foirgintí ná a bhíodh. Agus rud eile, is beag teacht isteach a bhíonn acu a dhiolfadh as caoi mhaith a choinneáil ar na seipeil.

Tá drochnós tar éis greim a bhaint amach dá bharr sin. Bíonn ar dhuine ioc le dul isteach in ArdEaglais Ravenna anois, mar shampla. Deir go leor gur chóir cead a bheith ag pobal Dé dul i láthair Dé gan ioc, agus cead acu seoda a sinsir a fheiceáil.



Scrín mhaisithe i gceann de shéipéil na hIodáile

Chuireas féin ceist uair ar oileán i murlach Venetia faoi nós seo na dtáillí. Séanadh go raibh a leithéid ann. Fós féin, b'eigean dom ioc.

Ar an taobh eile den scéal, tá daoine ann a deir gur chóir na séipéil a fhágáil ag an stát agus ag na

cuairteoirí. Deir na daoine seo go bhfuil pobal Dé ag imeacht ó na séipéil, iad ag tosú as an nua in áiteacha atá oiriúnach don saol atá anois ann. Nil déanta ach tús díospóireachta.

Treasure on a Rock

Mary Moggan

INIS MEÁIN on a clear day is a blue splash on rock, bright as the stained glass windows which adorn the island's little white church. Six works of beauty, unmarked by even the simplest of plaques to guide the art-lover or the day-tripper. The windows have been attributed to the celebrated Harry Clarke, but they don't figure in official lists of his complete works.

Harry Clarke was born in Dublin in 1889. He worked in his father's stained glass studios and church-decorating business after leaving school. A scholarship in stained glass was awarded to him in 1910, and within three years, he was awarded a gold medal for work in stained glass by the Board of Education, a unique distinction.

His first major commission in stained glass was in 1915 for the Honan Hostel Chapel windows at Cork. Clarke's stained glass, rare and much sought after, can be found in Australia, Britain, Ireland, and the USA. His most public work is the window of Bewley's Oriental Café in Grafton Street, Dublin.

In 1909, Clarke made the first of a succession of annual trips to Inishere. He honeymooned on Aran in 1915 with wife and fellow artist Margaret Crilly. Clarke's visits to Aran were crucial to the development of his art.



Cusa Naomh Caomhain agus curach ar a chúl

In 1927 the Irish government commissioned a window from Clarke for presentation to the international labour office of the League of Nations as a gift from the Irish Free State. His designs illustrated fifteen scenes from contemporary Anglo-Irish literature. Although a masterpiece, his work was rejected by the government which had banned some of the authors and works represented. Despite efforts to have the Geneva window placed in an Irish institution, the government did not secure possession of it. Finally, in 1988, the Geneva window was acquired by the Mitchell Wolson Museum in Miami Florida, its present home. By 1928, Clarke was battling with tuberculosis, and died in 1931.

The stained glass windows in Inis Meáin church depict Éinne, Caomhán, Breccán and others. Dated 1939, eight years after Harry Clarke's death, they may be a product of the Harry Clarke Studios which closed in 1973. But the extent of Harry Clarke's influence on the Inis Meáin windows, if any, remains a mystery.



Cártaí Poist ón Ind

Kerala stretches northward from the tip of India, a sliver of land hugging the Indian Ocean beneath the Caraamon, the Anaimalai Anai and the Nilgiri hills. "Black crows gorge on mangoes in still, dust-green trees. Red bananas ripen. Jackfruits burst," writes Arundhati Roy in her acclaimed novel *The God of Small Things*.

Kerala has long been a crossroads. Its Dravidian population is a pre-IndoEuropean group; Christianity reached its shores almost two millennia ago; Vasco de Gama's travels 500 years ago opened up routes for vigorous trade in cardamon, cloves, pepper, cinnamon and nutmeg; in 1957 Kerala's Communist Party became the first such party in the world to win power by the ballot box. **Colm de Bhaldraithe** continues his discovery of a steamy land where Marxism co-exists with the caste-system of Hinduism, and its not all that easy to secure an e-mail connection.

Péire súl as Kerala

Na Geallta Báid

SHROICH MUID ceann scríbe, Allepuzha, príomhcathair na ríochta seo idir dhá uisce. Bheadh na geallta báid ag tosnú go luath, agus bhí slua mor bailithe ar an dá bhrúach agus chuile chineál báid ann.

Chuala muid na báid ag teacht sula bhfaca muid iad. Búm, búm, búireach na ndrumaí, radharc orthu anois, longa mora fada caola, *canoes* cogaidh, gob orthu is cloigeann nathrach gearrtha air. Bhí os cionn céad i ngach bád, beirt i ndiaidh beirte, iad sáinnithe ar thochta a bhí

dhá thóin ar leithead, drumadóirí ina measc agus fir ag béiciúch leis na hiomróirí a spreagadh.

An fhoireann agus iad feolmhar, fuinniúil, dath dubh dóite ar a gcolainn agus iad ag glioscarnach le hallas agus uisce cáite. Chuile iomróir ar aon bhéic, chuile mhaide rámha ar aon bhuille. Tháinig sé bhád déag agus a lucht leanuna ó bhailte an cheantair, bhailigh siad os comhair ardáin a bhí ar snámh, bheannaigh an sagart iad, d'ardaigh siad na maidí rámha beaga gearra, *bhatráil* siad le chéile iad agus chríochnaigh siad de bhéic mhór ghaisciúil, agus ar aghaidh leo ag iomramh go tús an rása.

'Céad maide rámha ag buaileadh an uisce in éineacht'

Chaith siad urchar san aer agus phléasc an clampar. Búm-búm-béic-béic, búm-búm-béic-béic, céad lámh in airde, céad maide rámha ag bualadh an uisce in éineacht, mar a bheadh beithíoch na gcéad cos agus na gcead lámh ag teacht go tolgach, toirniúil, tréan, an t-uisce ag cáthadh agus tuar ceatha san aer. Bhí an slua spleodrach ag screadach, *canoe* amháin ag gobadh amach chun tosaigh, agus siúd tharainn iad ar nós na gaoithe. Urchar san aer aríst, béic mhór, agus bhailigh muintir na mbuaiteoirí thart orthu ar nós beacha timpeall ar an mbanríon agus thosnaigh scléip mhór na hoíche.

Tatrikutti

BA CHAILÍN breá bríomhar í Tatrikutti. Bhain sí le clann na Lamboodiri, príomhchlann na *brahmin* - na mbreithiún -, an dream is cumhachtaí agus is saibhre sa tír. Bhí sí chomh meabhrach agus chomh ceannasach gur thug a huncail, ollamh le fealsúnacht, matamaitic agus dlí, cead di freastal ar a chuid ranganna. Sin í an chéad uair riamh a bhí cailín ag déanamh staidéir ar na hábhair sin.

Nuair a tháinig sí in inmhe,

réitigh a muintir cleamhnas di. Bheadh uirthi a saol a chaitheamh ina *nallukettu*, idir ceithre ballaí, gan cead aici an teach a fhágáil ach le dul go dtí an teampall le bean chuideachta.

'Ní hé an fear céile a bhí ann, ach an deartháir ba shine aige'

An oíche ar pósadh í, bhí sí ag fanacht lena fear céile. Chuala sí an doras ag oscailt agus d'airigh sí é ag teacht i dtreo na leapan. Ach ní hé an fear céile a bhí ann, ach an deartháir ba shine aige, fear gránna, olc. De réir an nós, tá dualgas ar an deartháir og, *anyian*, freastal ar pé ar bith mian atá ag an deartháir is sine, *chettan*, agus bhí ar an gcailín óg freastal ar an mbeirt acu. Sé bliana pósta, agus tháinig siad ar Tatrikutti ag bualadh craicinn le boc mór-le-rá. Bhí sí tar éis dul in aghaidh a geasa, agus bheadh triail ann sula ndíbreoidís í óna fód dúchais agus óna muintir. Ach bhí eolas an dlí aici, agus chuir sí iachall

Buachaill á tholcadh féin i gKerala

orthu cúis a chur in aghaidh an fhir freisin, agus na fir uilig a bhí si tar éis a mhealladh, rud nár tharla riamh cheana. Lá i ndiaidh lae, d'ainmnigh sí boc mór eile. D'ainmnigh sí cheithre dhuine agus trí scór de na boic ba shaibhre agus ba chumhachtaí sa tír agus bhí a cuid fianaise aici. Bhain sí díoltas millteanach amach agus scrios sí na fir: bhí orthu an ruaig a chur orthusan chomh maith léi féin, agus ba bhuille marfach a bhí ann don chóras. Chuaigh sí léi go Tamil Nadu agus mhair sí go raibh sí 80 bliain d'aois.



Bí le Colm sa bhfomhar agus é ag cur síos ar a thuras go Sri Lanka



Trom agus Éadr

TnaG Iúil/Lúnasa



Cuimhní Gaeltachta Alan Dukes

Cuimhní Gaeltachta

ón 2 Lúnasa 9.25 p.m.

Comhlacht Léirithe: The Yard
Léiritheoir: Ger Philpott

Sraith faoi Éireannaigh móra le rá a thug cuairt ar na Gaeltachtaí le linn a n-óige. Sa chéad chlár cuireann Alan Dukes síos ar na faethanta a chaith sé sa Spidéal sna caogaidí. Cuireann Eileen Dunne síos ar an gcéad phóg riamh a fuair sí agus insíonn sí dúinn nach raibh bean an tí róshásta léi. B'áit an-suaimhneach a bhí sa Spidéal dar le Mary Ryan, aisteoir, agus filleann sí chomh minic agus is féidir léi ann.

Sa dara eagrán tá Gráinne Uí Mhaitiú a chaitheadh an samhradh ar Chléire. Bhí Aodh Ó Domhnaill ar Chléire sna seascaidí chomh maith le Cecilia Ní Dhrisceoil, bean atá ina conaí ar an oileán anois. Is i nGort a' Choirce a d'fhoghlaim an léiritheoir Anne Craig a cuid Gaeilge sna seascaidí. Bhí Lorna Siggins, iriseoir leis an *Irish Times*, ann chomh maith. I 1943 d'fhan Ruairí Ó Bléine i dteach Anne McGee le linn an Dara Cogadh Domhanda. Cuireann Marion Richardson agus Frank Fahy TD síos ar na faethanta a chaith siad i Ros Muc. Rinne Ken



THUAS SA SPÉIR; Déardaoin 8.25 p.m.

Whittaker, Neil McCafferty agus Mary Redmond iarracht feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge i Rann na Feirste.

Thuas sa Spéir

Déardaoin 8.25 p.m.

Comhlacht Léirithe: Adare Productions
Léiritheoir: Ger Philpott

Sraith don samhradh ina bhfeictear

Eirinn ó bhalún thuas sa spéir. Beidh na láithreoirí ag taisteal na tíre agus ag seasamh in áiteanna éagsúla chun stair na háite a phlé agus chun labhairt leis na daoine. Beidh Tomás Ó Brannagáin ag taisteal timpeall na tíre sa bhalún agus beidh a dá chois ar an talamh ag a chomhláitheoir, Sinéad Chaomhánach agus í i mbun agallaimh. Beidh gnéithe

béaloidis/stair le fáil sna scéalta as na ceantair éagsúla chomh maith le scéalta nua-aimseartha. Beidh ceol agus caint ann ó dhaoine áitiúla agus ó dhaoine móra le rá. Beidh an criú ag taisteal na tíre agus ag cur futhú in áiteanna áirithe. Mar sin bí ag faire mar ní bheadh a fhios agat cén uair a thíocfadh balún TnaG chuig do cheantarsa.

m ar TnaG



Aoife Ní Thuairisg ar chamchuairt na bhféilte

Féilte '99

Dé hAoine ó 23 Iúil, 8.25 p.m.

Comhlacht Léirithe: Nuacht TnaG
Léiritheoir: Michael Lally

Táthar ag gealladh dúinn go mbeidh Féilte na bliana seo níos fearr ná a bhí sé riamh. I measc na bhféilte beidh an Galway Arts Festival, The Buncrana Arts Festival, Spraoi, Féile an Phobail, Powers Irish Coffee/Puck Fair, Kilkenny Arts Festival, an Rose of Tralee agus go leor leor eile.

Is í Aoife Ní Thuairisg láithreoir Fhéilte na bliana seo. Óigbhean suáilceach, aerach mar a dúirt an RTÉ Guide le gairid, agus is fada léi go dtabhfaidh sí aghaidh ar chuid de na féilte is mó sa tír. Bí ag faire air mar beidh go leor i bhFéilte '99 nach mbeifeá ag súil leis agus

beidh díograis ar an lucht féachana uilig ag breathnú ar gach aon eagrán.

Spórtiris ar an Láthair

Dé mDomhnaigh 6.45 p.m.

Comhlacht Léirithe: RTÉ
Léiritheoir: Seán Ó Méalóid

Tuairisc chuimsitheach ar chraobhacha peile agus iomána CLG i mbliana. Dhearbhaigh an tseirbhís go gcuirfear iomlán na himeartha ó cheann de chluichí móra an lae ar fáil ar TnaG gach tráthnóna Domhnaigh as seo go deireadh an tséasúir, sé seachtainí déag san iomlán faoin teideal *Spórtiris ar an Láthair*. Tá an tsraith sceidealaithe ag 6.45pm, tráth rialta spóirt ar TnaG gach Domhnach. Tá cluichí leath-cheannais agus



Craobh CLG 1999 ar TnaG

11 Iúil Cluiche Ceannais Iomána Laighean

18 Iúil Cluiche Ceannais Peile na Mumhan

25 Iúil Cluiche Ceathrú-Ceannais Iomána na hÉireann

Lúnasa: Cluiche Ceannais Peile

8 Lúnasa Cluiche Leath-Ceannais Iomána

15 Lúnasa Cluiche Leath-Ceannais Iomána

22 Lúnasa Cluiche Leath-Ceannais Peile

29 Lúnasa Cluiche Leath-Ceannais Peile

5 M. Fómhair Cluiche Ceannais Camógaíochta

12 M. Fómhair Cluiche Ceannais Iomána

19 M. Fómhair Cluiche Ceannais Iomána Faoi 21

26 M. Fómhair Cluiche Ceannais Peile

ceannais cúige i gceist (peil agus iomáint) chomh maith le cluichí ceathrú agus leath-cheannais agus an cluiche ceannais i gCraobh na hÉireann mar aon leis an gcluiche ceannais camógaíochta. Spórtiris, rannóg i gCláracha Gaeilge RTÉ a léireoidh an tsraith seo do TnaG, Garry Mac Donncha an tráchteaire agus beidh anailís á soláthar freisin ag saineolaithe aitheanta a d'imir ag an leibhéal is airde: Antoine Ó Cearbhaill (Dún na nGall) agus Paddy Henry (Sligeach) sa bpeil agus beir a thug Corn Mhic Chárthaigh leo mar chaptaen, Joe Connolly (Gaillimh 1980) and Pat Fleury (Uíbh Fhailí 1985). (Féach an painéal thuas).

Ríthe na Róimhe

Seacht gclár ón 7 Iúil

10.30 p.m.

Comhlacht Léirithe: Opu Television do S4C agus RTÉ

Léiritheoir: Kevin Dawson

Sraith sé chlár a chuireann síos ar stair na Pápachta is na fir éagsúla idir chráifeach agus chráite a shuigh i gcathaoir Pheadair le dhá

mhíle bliain anuas. Is é Tadhg Mac Dhonnagáin tráchteaire an chlár.

Ar an gCarraig Seo an t-ainm atá ar an gcéad clár.

Clár a dó: **Idir dhá thíne Bhealtaine**. I ndiaidh d'Impireacht na Róimhe titim as a chéile, bhí corraill mhór ann. Ba dheacair cloi le teachtaireacht Chríost sa saol sin.

Clár a trí: **Os Clonn na Náisiún**. Le linn ré na gCrosáidí, ré Phroinsias Assisi agus ré Ghréagóir Mhoir, chuaigh cumhacht agus stádas idirnáisiúnta na Pápachta i dtreis.

Clár a ceathair: **Agóid agus Easaontas**. Ré faoi ghlóir a bhí sa Renaissance don Phápacht ach ré faoi néal na caimiléireachta a bhí ann chomh maith. Ansin labhair Martin Luther amach agus scoilt-eadh an éaglais ó bhonn go barr.

Clár a cúig: **An Pápa is an Pobal** Le theacht na réabhlóidí móra san Eoraip, creimeadh go leor de chumhacht pholaitiúil na Pápachta. Ba ghá dul i ngleic feasta le saol a bhí athruithe ó bhonn.

Scíth sa Ghaeltacht

Más scíth chitlín i gceantar scoite tuaithe nó eachtraíocht ghníomhach ar an uisce, siúlóidí sléibhe, galf, marcaíocht chapall nó rothaíocht nó eile atá uait sásófar sa Ghaeltacht thú.

Le titim na hoíche ceap caradas na muintire i mbialanna maithe le raon fairsing de thogha an bhia agus ina dhiaidh sin tabhair cuairt ar theach tábhairne Gaeltachta agus blais den teanga agus den chultúr dúchais i dteannta do chuid dí.

An áit is ansa le do chroí is ann a thabharfaidh do chosa thú!

Breis eolais le fáil faoi shaoire sa Ghaeltacht ó:

GaelSaoire

Saorfón 1800 621 600

E-phost info@gaelSaoire.ie

<http://www.gaelSaoire.ie>


GaelSaoire
SCÍTH SA GHAELTACHT
#THEBESTOFIRISHGAELTACHT



Comhar Dhuibhne/M.F.G. Teo.

Meitheal Forbartha na Gaeltachta Teoranta
Baile an Fheirtéaraigh, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Fón: 066-9156266 Faics: 066-9156199

Clár Forbartha Áitiúil Chorca Dhuibhne
Dírthe ar dhaoine dífhostaithe, mná, daoine le
riachtanaisí spelsialta, daoine óga i mbaol.
feirmeoirí agus iascairí beaga.

Ag tosnú gnó bhig?

Culr glaoch orainn.

Tá an clár seo ag críochnú deireadh '99
agus plean eile á chur le chéile.

Más duine aonair tú nó coiste pobail nó eagraíocht
deonach gur mhaith leat/libh bheith páirteach sa
chéad plean eile, ba mhaith linn bhur dtuairimí a
chlos.

Gach eolas ó oifig Comhair Dhuibhne.

A Rua, a chara,



An bhfuil sibh ar
laetha saoire, a
pháistí?

Tá an t-ádh libh.

Ach cuimhní cúnaimh a thabhairt do
Mhamáí sa mbaile.

Cóirímse mo leaba féin chuile lá sa gClúid.

An bhfuil sibh ag dul ar saoire?

Cogar, an gcuirfidh sibh cárta chugamsa.

Is breá liom cártaí poist.

Scríobh cárta chuig:

RUA

AN CHLÚID

CUISLE

CASLA

CO NA GAILLIMHE

ÉIRE

Scríobh cárta chugam, agus nuair a bheas
sibh ag dul ar ais ar scoil, cuirfidh muid an
cárta i gCuisle. Agus beidh do chuid cairde
ar fad in ann é a léamh.

Slán go fóill, agus bíodh an-samhradh
agaibh!

Freagraí na gCrosfhocal (Lch 28)

1: Cuisle 2: Bainne

BUAITEOIRÍ AN MHEITHIMH

Cén Ghaeilge ata ar Bantú? Ní Bréantrá, ach
Beantraí. Coip de cheimín Airt Uí Dhufaigh chuig
leitheoir dhil sna Stáit. Agus cén sloinne ata ar
Dhara Ban? Mac Donncha: coip de theip leis chuig
Sorcha Uí Fhlatharta, Bun Gabhla, Inis Mór;
Caoillhuinn Ní Eanáir, An Spidéal; Colm Og
Baíread, Ros Muc.



Aos Óg Ros a' Mhíl: Cén teanga a labhraíonn siad ar chúl an tí?

ANDÁ THÁ

Gaeltacht parents trying to foster Irish often face disillusionment as young adolescents are caught up in a tide of English. Can a balanced use of both languages be reached?

Le fada an lá, is níos le haos óg na Gaeltachta. Béarla a labhairt, le chéile. Daoine óga a labhraíonn sa mbaile i; agus sa seomra ranga. Déanann a muintir iontas go mbíonn oiread Béarla acu; agus bíonn diomá agus lagmhisneach orthu. Rinne siad a ndícheall iad a thógáil le Gaeilge, agus éist anois leo, shílfeá nach raibh focal ina bpluic.

Cén fáth a labhraíonn aós óg na Gaeltachta Béarla le chéile? Agus nach fíor a rá, an dreám céanna, nuair a fhágann siad an scoil, go dtéann siad le Gaeilge arís, agus gur le Gaeilge a thógfas cuid acu a gclann féin?

Is é bun agus barr an scéil gur rud nádúrtha don duine óg suim a chur sa saol atá ina thimpeall. Agus luí a bheith aige leis. Buachaill nó cailín dha bhliain déag d'aois, muna labhraíonn siad Béarla ar bith, is míbhuntaiste a bheas ann dóibh, más ó thaobh oideachais é, nó ó thaobh an tsaoil sóisialta.

Agus ar ndóigh, déanfaidh an t-aos óg a

gcomhairle féin, agus má bhíonn a muintir agus a gcuid múinteoirí ag seanmóireacht leo, tabharfaidh siad an chluais bhodhar dóibh.

Fágann sin gur minic gurb í an Ghaeilge teanga na scoile agus na hoibre don deagóir óg, agus an Béarla ina theanga siarúsa aige. Caithfidh sé Béarla a labhairt. Is cuid den saol mór é.

B'fhéidir gur fearr géilleadh in amanna do-
labhairt an Bhéarla i measc aos óg na Gaeltachta.
Dá bhfaighfidis sásamh ar an mBéarla ar an
teallach agus sa seomra ranga, b'fhéidir gur lú
fonn a bheadh orthu é a labhairt sa mbus, sa gclós,
nó ar chúil an tí.

Má tá an Ghaeilge acu ón gcliahián, ón naíonra, agus ón mbunscoil, beidh sí acu go deo, agus fillfidh siad uirthi nuair a bheas máistreacht acu ar an mBéarla. Sin é an dúshlán atá ann do thuismitheoirí na Gaeltachta. An dá thrá a fhreastal, agus cothrom na Féinne a thabhairt don dá theanga. Obair mhór cinnte, ach ní bhíonn réiteach ann gan an cás a phlé.

Nua agus Úna

BHÍ RUA, Nua agus Máirín ina suí sa bpóirse tráthnóna samhraidh. Bhí páistí an Bhaile Mhóir ag spraoi taobh amuigh agus gach béic áthais acu ó cheann ceann na sráide. Bhí siad ar saoire.

'Beidh cailín beag ag fanacht linn an tseachtain seo chugainn,' arsa Máirín.

Ag déanamh an chrosfhocail a bhí Rua. Thóg sé a cheann go mall.

'Cailín beag,' ar sé, 'cé hí féin?'

'Úna atá uirthi. Bíonn sí ag casadh ceoil. Beidh sí ar an scoil cheoil anseo sa mBaile Mór.'

Bhí Nua ar leic na fuinneoige, a mhuinéal sínte amach aige agus é ag bolú na rósanna. Chaith sé léim anuas go héadrom.

'Cén fáth a mbeidh sí ag fanacht linne?' ar sé, agus Bhreathnaigh sé isteach sa dá shúil ar Mháirín.

'Beidh go leor páistí ar an scoil cheoil, agus caithfidh Úna codladh anseo san oíche.'

Tháinig Úna an tseachtain dar gcionn, mála ar a droim aici, agus fidil ina láimh. Is cailín deas, bríomhar a bhí inti, an dá shúil ag lonrú ina ceann, agus gruaig fhada, shleamhain uirthi.

'Mise Úna,' ar sí, 'is as Béal Fáirste domh. Tá mé seacht mbliana go leith.'

Chuir Máirín fáilte roimpi. Bhí Nua amuigh. Bhí Rua sa doras.

'Do chéad fáilte go dtí an Chlúid, a Úna,' arsa Rua.

Cóiríodh leaba Úna thuas staighre. Dúirt Rua go gcodlódh sé thíos staighre. Ach bhí



"Mise Úna, is as Béal Fáirste domh"

Nua ar iarraidh. D'imigh an t-am thart. Chuir Máirín deoch bhainne i sásar Nua san oíche, agus ar maidin bhí an bainne ólta.

'Meastú cá mbíonn Nua ar chor ar bith,' arsa Máirín.

Ghlan Rua a scornach go sollúnta.

'Sílím nach maith leis Úna,' ar sé.

'Ní maith leis Úna?'

'Bhuel, ní maith leis Úna a bheith anseo sa

gClúid.'

'Cén fáth?' arsa Máirín.

Níor labhair Rua ar feadh nóiméid. Bhí ciúnas sa teach, ach bhí na páistí le cloisteáil ag spraoi taobh amuigh.

'Cá raibh Nua sular tháinig sé anseo?' arsa Rua.

'Ba le cailín beag é,' arsa Máirín, 'ach d'fhág sí Baile Mór lena muintir.'

'Tuigim . . .' arsa Rua.

Bhí Úna breá sásta ag an scoil cheoil. D'óladh sí bainne san oíche le Rua agus le Máirín, agus chodlaíodh sí go maidin ansin. Ach níor tháinig Nua isteach. An lá a raibh Úna ag imeacht, chuir sí iontas ar Rua 's ar Mháirín.

'Tá bronntanaisí agam daoibh,' ar sí.

'Is deas uait é, a stóirín,' arsa Máirín.

'Muigín duit féin, péire stocaí do Rua, agus sásar do Nua.'

'Nua?' arsa Máirín.

'Nua?' arsa Rua.

'Is ea,' arsa Úna, 'chonaic mé ainm Nua ar an seansásar, agus chonaic mé a phictiúr sa gClúid. Níl a fhios agam cá mbíonn sé, ach tá súil agam nach faitíos

romhamsa a bhí air.'

'Ó, ní hea,' arsa Máirín, 'bíonn Nua amuigh i gcónaí nuair a bhíonn an samhradh ann.'

Nuair a bhí Úna imithe, labhair Rua:

'Sásar do Nua ó Úna,' céard a déarfá leis sin?'

'Is ait an mac an saol,' arsa Máirín, agus chuir sí deoch bhainne sa sásar nua.

(Ar lean an mhí seo chugainn)



AN GÚM



SIÚLÓID BHEAG

Tugann Daideo an madra amach ag siúl. Ní chreidfeá an siad a dhéanann an madra craiceáilte céanna. Ar ndóigh, ceapann daideo gurb é an madra is múinte ar domhan é! Pictiúrleabhar greannmhar do pháistí 6-9 mbliana ó dhuine de na scríbhneoirí/máistheoirí is oile sa tír

• ISBN 1-85791-280-2 • £5.20



CAITRÍONA agus an tÉINÍN OÍR

Bhuaileamar le Caitriona cheana sa leabhar *Lios Chaitriona*. Tá súil ghéar a coimead aici ar an lios sin i gcónaí. Samhlaigh mar a bhraitheann sí nuair a thagann beirt stráinséirí go dtí an lios agus taisce á lorg acu!

Rosemary Canavan a scríobh agus a mhaisigh an pictiúr leabhar gleoite seo do pháistí. 8 mbliana go dtí 11 bhliain d'aois. Dónal Ó Liatháin a réitigh an téacs Gaeilge.

• ISBN 1-85791-228-4 • £4.95

CATALÓG NA LEABHAR

Ar fáil saor in aisce!



Filíocht, prós cruthaitheach do dhaoine fásta agus do dhéagóirí, eolaithe póca, taighde litríochta, seanfhocail, aistriúcháin, leabhar cheoil
Tomás Ó Criomhthain, Séamas Ó Céileachair,
Niall Ó Dónaill, Fionn Mac Cumhaill, Máirtín Ó Cadhain, Séamus Ó Grianna, Seán Ó Ruadháin,
Seosamh Mac Grianna . . . máistrí!



AN GÚM

Teil: (01) 809 5034 Ríomhphost: gum@educ.irlgov.ie

An Rannóg Postdóla, Teil: (01) 661 3111 Fofinte 4041/4045



Is cuma an iad

S O I L S Í

na mórchathrach atá ann nó
baile beag iargúlta iascaireachta

san iarthar, bíonn

C E A M A R A


de chuid RTÉ ann chun é a
thaispeáint i ngach teach sa tír. Ón

A I C S E A N

beo ag ócáidí spóirt idirnáisiúnta,
go dtí atmaisféar aerach ceolchoirme
móire, déanaimidne cláir nach mbíonn

G E A R R

ar théagar, mar is againne atá
na hacmhainní, na daoine agus an
teicneolaíocht chun iad a dhéanamh
níos fearr. Cuir sin ar fad le chéile agus
tá agat a mbíonn an lucht féachana ag
súil leis agus nach féidir ach le RTÉ,
Craoltóir Náisiúnta na hÉireann,
a chur ar fáil.



RTÉ